Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2018/0108(COD)

24.10.2019

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla
(COM(2018)0225 – C8-0155/2018 – 2018/0108(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Birgit Sippel

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe don dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS
MÍNIÚCHÁIN.....155

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla (COM(2018)0225 –C8-0155/2018 – 2018/0108(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0225),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0155/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Bundesrat na Gearmáine, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair ***fianaise*** leictreonach in ***ábhair*** choiriúla	maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair ***faisnéis*** leictreonach in ***imeachtaí*** coiriúla

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá bearta chun ***fianaise*** leictreonach a fháil agus a chaomhnú chun imscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh a chumasú ar fud an Aontais ag éirí níos tábhachtaí. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le sásraí éifeachtacha chun ***fianaise*** leictreonach a fháil i dtaca le coiriúlacht a chomhrac, faoi réir coinníollacha lena áirithiú go bhfuil siad ***i gcomhréir*** go hiomlán le cearta bunúsacha agus leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh de réir ***mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad***, go háirithe prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus na prionsabail a bhaineann le próiseas cuí, cosaint ***sonraí***, ***rúndacht chomhfhreagrais agus*** príobháideacht.	(2) Tá bearta chun ***faisnéis*** leictreonach a fháil agus a chaomhnú chun imscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh a chumasú ar fud an Aontais ag éirí níos tábhachtaí. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le sásraí éifeachtacha chun ***faisnéis*** leictreonach a fháil i dtaca le coiriúlacht a chomhrac, faoi réir coinníollacha ***agus coimircí*** lena áirithiú go bhfuil siad ag lán***chomhlíonadh*** cearta bunúsacha agus prionsabal a aithnítear in ***Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus*** i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), go háirithe prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus na prionsabail a bhaineann le próiseas cuí, cosaint príobháideacht***a agus sonraí pearsanta agus rúndacht na cumarsáide***.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Sa chomhráiteas ó na hAirí Dlí agus Cirt agus ó na hAirí Gnóthaí Baile agus ó ionadaithe institiúidí an Aontais an 22 Márta 2016 maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil leagadh béim ar an ngá a bhí, mar ábhar tosaíochta, le bealaí a aimsiú chun fianaise leictreonach a chaomhnú agus a bhailiú níos tapa agus níos éifeachtaí agus chun bearta nithiúla a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.	***scriosta***

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Leagadh béim i gConclúidí na Comhairle an 9 Meitheamh 2016 ar an méadú atá tagtha ar an tábhacht a bhaineann le fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla, agus ar an tábhacht a bhaineann leis an gcibearspás a chosaint ó mhí-úsáid agus ó ghníomhaíochtaí coiriúla ar mhaithe le leas an gheilleagair agus na socha agus dá bhrí sin, is gá go mbeadh uirlisí éifeachtacha ag údaráis forfheidhmithe dlí agus ag údaráis bhreithiúnacha chun gníomhartha coiriúla a bhaineann leis an gcibearspás a imscrúdú agus a ionchúiseamh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ina Theachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Teacht Aniar, Díspreagadh agus Cosaint an 13 Meán Fómhair 2017[27], leag an Coimisiún béim ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach na coireachta cibearchumasaithe mar bhac fíorthábhachtach ar chibear-ionsaithe, agus ar an ngá a bhí le creat nós imeachta an lae inniu a chur in oiriúint níos fearr d'aois an idirlín. Ní fhéadfadh na nósanna imeachta atá ann faoi láthair coinneáil suas le luas na gcibear-ionsaithe in amanna, ar ionsaithe iad a chruthaíonn an gá faoi leith atá le comhar tapa trasteorann.	***scriosta***

[27] JOIN(2017) 450 críochnaitheach.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) D'athluaigh Parlaimint na hEorpa an imní sin ina Rún maidir leis an gcomhrac in aghaidh na cibearchoireachta an 3 Deireadh Fómhair 2017[28], inar tarraingíodh aird ar na dúshláin is féidir leis an gcreat dlíthiúil ilroinnte atá ann faoi láthair a chruthú do sholáthraithe seirbhíse ar	***scriosta***

mian leo iarrataí maidir le forfheidhmiú an dlí a chomhlíonadh agus iarradh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil de chuid an Aontais a chur ar aghaidh i gcomhair fianaise leictreonach agus go mbeadh coimircí leordhóthanacha ann do chearta agus do shaoirse gach duine lena mbaineann.

---

[28] 2017/2068(INI).

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Is féidir seirbhísí gréasánbhunaithe a sholáthar ó áit ar bith agus ní gá go mbeadh bonneagar fisiceach, áitribh ná foireann oibre acu sa tír ábhartha. ***Mar thoradh air sin***, is minic a dhéantar ***fianaise*** ábhartha a stóráil lasmuigh den Stát imscrúdaithe ***nó go mbíonn sé á stóráil ag soláthraí seirbhíse atá bunaithe lasmuigh den Stát sin. Is minic nach mbíonn aon nasc eile idir an cás atá faoi imscrúdú sa Stát lena mbaineann agus an Stát ina bhfuil áit stórála nó príomh-bhunáit an tsoláthraí seirbhíse.***	(7) Is féidir seirbhísí gréasánbhunaithe a sholáthar ó áit ar bith agus ní gá go mbeadh bonneagar fisiceach, áitribh ná foireann oibre acu sa tír ábhartha. ***Dá bhrí sin***, is minic a dhéantar ***faisnéis leictreonach*** a stóráil lasmuigh den Stát imscrúdaithe***, agus is minic a chruthaíonn sé sin dúshláin i ndáil le bailiú faisnéise leictreonaí in imeachtaí coiriúla***.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Mar gheall ***ar an easpa naisc sin, is***	(8) Mar gheall ar***gur minic gur de***

minic a dhírítear iarrataí maidir le comhar breithiúnach ar stáit atá ag óstáil líon mór soláthraithe seirbhíse, ach nach bhfuil aon bhaint eile acu leis an ***gcás i dtrácht. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na n-iarrataí i bhfianaise úsáid*** níos mó ***a bheith á baint as seirbhísí líonraithe, ar seirbhísí iad atá gan teorainn de réir a gcineáil. Mar thoradh air sin, is minic a thógann sé achar fada fianaise leictreonach a fháil nuair a úsáidtear*** bealaí an chomhair ***bhreithiúnaigh — d'fhéadfadh sé nach mbeadh leideanna ar fáil ina dhiaidh sin de bharr na moille. Ina theannta sin, níl aon chreat soiléir ann don chomhar le soláthraithe seirbhíse, agus glacann soláthraithe áirithe i dtríú tíortha le hiarrataí díreacha i gcomhair sonraí nach inneachar iad de réir mar atá ceadaithe ag a ndlí intíre infheidhme. Mar thoradh air sin, braitheann na Ballstáit ar fad ar bhealach an chomhair*** le soláthraithe seirbhíse nuair atá sin ar fáil, agus baineann siad feidhm as uirlisí náisiúnta, as coinníollacha agus as nósanna imeachta éagsúla. ***Ina theannta sin, i gcás sonraí inneachair, tá beart aontaobhach déanta ag cuid de na Ballstáit, ach tá Ballstáit eile ag brath go fóill ar chomhar breithiúnach.***

chineál luaineach í an fhaisnéis leictreonach, braitheann na Ballstáit, níos mó ar bhealaí an chomhair ***dhírigh*** le soláthraithe seirbhíse nuair atá sin ar fáil, agus baineann siad feidhm as uirlisí náisiúnta, as coinníollacha agus as nósanna imeachta éagsúla.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Cruthaíonn an creat dlíthiúil ilroinnte dúshláin do sholáthraithe seirbhíse atá ag iarraidh iarrataí um ***fhorfheidhmiú an dlí*** a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is gá ***creat dlíthiúil Eorpach a chur ar aghaidh i gcomhair fianaise***	(9) Cruthaíonn an creat dlíthiúil ilroinnte dúshláin d'údaráis um ***fhorfheidhmiú an dlí, d'údaráis bhreithiúnacha agus*** do sholáthraithe seirbhíse atá ag iarraidh iarrataí ***dlíthiúla*** a chomhlíonadh. Dá bhrí sin***,*** is gá ***rialacha***

leictreonach ***chun oibleagáid a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse a chumhdaítear le raon feidhme na hionstraime freagairt go díreach do na húdaráis, gan údarás breithiúnach i mBallstát an tsoláthraí seirbhíse a bheith páirteach ann.***	***sonracha a chur ar aghaidh i ndáil le comhar breithiúnach trasteorann don rochtain ar fhaisnéis*** leictreonach ***, chun dlí reatha AE sa réimse sin a chomhlánú***.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart Orduithe faoin Rialachán seo a dhíriú ar ionadaithe dlíthiúla na soláthraithe seirbhíse, ar ionadaithe dlíthiúla iad a ainmníodh chun na críche sin. Murar ainmnigh soláthraí seirbhíse atá bunaithe san Aontas ionadaí dlíthiúil, féadfar na hOrduithe a dhíriú ar aon bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse sin atá suite san Aontas. Baintear feidhm as an rogha chúltaca seo chun éifeachtacht an chórais a áirithiú ar fhaitíos nach mbeadh ionadaí tiomnaithe ceaptha ag an soláthraí seirbhíse (go fóill).	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Seolaithe na n-orduithe atá cumhdaithe in aithris 37.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) Urramaítear leis an Rialachán seo

na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt, sa dlí idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtí iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mbunreachtanna na mBallstát, ina réimsí faoi seach dá gcur i bhfeidhm. Áirítear i measc na gceart agus na bprionsabal sin, go háirithe, an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta, chomh maith leis an gceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 b) Níor cheart aon ní sa Rialachán seo a léirthuiscint mar thoirmeasc ar dhiúltú ordú a fhorghníomhú i gcás ina bhfuil cúiseanna lena chreidiúint, ar bhonn eilimintí oibiachtúla, gur eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach ar mhaithe le duine a ionchúiseamh nó a phíonósú mar gheall ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, náisiúntacht, teanga nó tuairimí polaitiúla an duine sin, nó go

bhféadfar seasamh an duine sin a dhochrú ar aon cheann de na cúiseanna sin.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ní fhéadfaidh sásra an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh maidir le ***fianaise*** leictreonach in ábhair choiriúla ***feidhmiú ach amháin*** ar an ***mbonn*** go bhfuil muinín fhrithpháirteach ar ***ardleibhéal*** idir na Ballstáit, agus tá an mhuinín sin mar ***réamhchoinníoll fíor-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an ionstraim seo mar is ceart.***	(11) ***Feidhmíonn*** sásra an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a thabhairt ar Aird agus an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh maidir le ***faisnéis*** leictreonach in ábhair choiriúla ar ***phrionsabal*** na muiníne frithpháirtí idir na Ballstát ***agus ar an toimhde go bhfuil na Ballstáit eile ag comhlíonadh dhlí an Aontais agus, go háirithe, ag comhlíonadh cearta bunúsacha atá ina n-eilimintí*** riachtanacha ***i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais laistigh den Aontas***. ***Mar sin féin, i gcás ina bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go dtarlódh, mar thoradh ar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó ar Ordú Caomhnaithe Eorpach a fhorghníomhú, go sárófaí ceart bunúsach an duine lena mbaineann agus go ndéanfadh an Ballstát forghníomhaitheach neamhaird ar a oibleagáidí i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint a aithnítear in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt, ba cheart forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh a dhiúltú. Sula ndéantar an cinneadh gan Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a aithint nó a fhorghníomhú, ba cheart don údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna chun aon fhaisnéis***

bhreise riachtanach a fháil.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11 a) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Chairt agus le hAirteagal 16(1) de CFAE, tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Nuair atá an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus nach bhféadfar iad a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680.

Or. en

Réasúnú

Sean-aithris 56

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11 b) Níor cheart sonraí pearsanta a fhaightear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin nuair is gá sin a dhéanamh, agus ar bhealach atá comhréireach le críocha chosc, imscrúdú, bhrath agus ionchúiseamh na coiriúlachta nó ar mhaithe le

	smachtbhannaí coiriúla a fhorfheidhmiú agus cearta cosanta a fheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go mbeidh feidhm ag beartais agus bearta iomchuí um chosaint sonraí maidir le tarchur sonraí pearsanta ó údaráis ábhartha chuig soláthraithe seirbhíse chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear bearta chun slándáil na sonraí a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse na coimircí céanna a áirithiú i dtaca le sonraí pearsanta a tharchur chuig údaráis ábhartha. Ba cheart gur ag daoine údaraithe agus acu sin amháin a bheadh rochtain ar fhaisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta.
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Urramaítear cearta bunúsacha leis an Rialachán seo agus cloítear ann leis na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ina measc sin tá an ceart chun saoirse agus slándála, an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta, chomh maith leis an gceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna. Má tá tásca ag an mBallstát eisiúna go bhféadfadh imeachtaí coiriúla comhuaineacha a	***scriosta***

bheith ar siúl i mBallstát eile, rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis an Bhallstáit sin i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle[29].

---

[29] Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 ar easaontachtaí maidir le feidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

Or. en

Réasúnú

Aistrithe suas (aithris 10a (nua)) agus leasaithe.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Chun meas iomlán ar chearta bunúsacha a áirithiú, tagraítear go sonrach leis an Rialachán seo do na caighdeáin atá riachtanach maidir le haon sonraí pearsanta a fháil, do phróiseáil sonraí den sórt sin, don athbhreithniú breithiúnach ar úsáid an bhirt imscrúdaithe dá bhforáiltear leis an ionstraim seo agus do na leigheasanna atá ar fáil.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe le haithris 10a (nua), 11a (nua), 11b (nua) etc.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ***Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm gan dochar do*** na cearta nós imeachta ***in imeachtaí coiriúla*** mar atá leagtha amach i dTreoracha 2010/64/AE[30], 2012/13/AE[31], 2013/48/AE[32], 2016/343[33], 2016/800[34] agus 2016/1919[35] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	(14) ***Ba cheart feidhm a bheith ag*** na cearta nós imeachta a leagtar amach i dTreoracha 2010/64/AE[30],2012/13/AE[31], 2013/48/AE[32], 2016/343[33], 2016/800[34] agus 2016/1919[35] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***laistigh de raon feidhme na dTreoracha sin, maidir leis na himeachtaí coiriúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo i ndail leis na Ballstáit atá faoi cheangal na dTreoracha sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí faoin gCairt maidir leis na himeachtaí uile a chumhdaítear leis an Rialachán seo.***
[30] Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).	[30] Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).
[31] Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).	[31] Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).
[32] Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 ar cheart chun dlíodóra in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus ar an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar aon eolas nuair a chaillteartan tsaoirse agus ar an gceart cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillteartan tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).	[32] Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 ar cheart chun dlíodóra in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus ar an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar aon eolas nuair a chaillteartan tsaoirse agus ar an gceart cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillteartan tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).
[33] Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65,	[33] Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65,

11.3.2016, lch. 1).	11.3.2016, lch. 1).
[34] Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).	[34] Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).
[35] Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 ar chúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir le barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).	[35] Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 ar chúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir le barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(14 a) Má tá tásca ag an mBallstát eisiúna go bhféadfadh imeachtaí coiriúla comhuaineacha a bheith ar siúl i mBallstát eile, rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis an Bhallstáit sin i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle[29].*.**

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Leagtar amach san Ionstraim seo na rialacha faoinar féidir le húdarás	(15) Leagtar amach san Ionstraim seo na rialacha faoinar féidir le húdarás

breithiúnach inniúil san Aontas Eorpach ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas ***fianaise*** leictreonach a thabhairt ar aird nó a chaomhnú trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach. Beidh an Rialachán seo infheidhme i ngach cás ***ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe i mBallstát eile nó go bhfuil ionadaíocht thar a cheann i mBallstát eile***. ***I gcásanna intíre nuair nach féidir feidhm a bhaint as na hionstraimí a leagtar amach leis an Rialachán seo, níor chóir go gcuirfí teorainn, de bharr an Rialacháin, le cumhacht na n-údarás inniúil náisiúnta iallach a chur ar sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe ar a gcríoch nó a bhfuil ionadaíocht thar a gceann air.***	breithiúnach inniúil san Aontas Eorpach**,** ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas ***faisnéis*** leictreonach a thabhairt ar aird nó a chaomhnú trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i ngach cás ***trasteorann don rochtain ar fhaisnéis leictreonach in imeachtaí coiriúla***.
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Is iad na soláthraithe seirbhíse is ábhartha maidir le himeachtaí coiriúla na soláthraithe seirbhísí sin a chuireann seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil agus soláthraithe sonracha seirbhísí do shochaí na faisnéise ar seirbhísí iad a éascaíonn idirghníomhaíocht idir úsáideoirí. Dá réir sin, ba cheart go gcumhdófaí an dá ghrúpa leis an Rialachán seo. Sainmhínítear soláthraithe seirbhísí ***cumarsáide*** leictreonaí faoi mar a shainmhínítear iad sa togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cód Eorpach don Chumarsáid Leictreonach. Orthu sin tá cumarsáid idirphearsanta, amhail Prótacal Idirlín Guthaithe, seirbhísí um theachtaireachtaí meandracha agus seirbhísí ríomhphoist. Is iad na catagóirí a bhaineann le seirbhísí na	(16) Is iad na soláthraithe seirbhíse is ábhartha ***do bhailiú faisnéise leictreonaí*** maidir le himeachtaí coiriúla na soláthraithe seirbhísí sin a chuireann seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil agus soláthraithe sonracha seirbhísí do shochaí na faisnéise ar seirbhísí iad a éascaíonn idirghníomhaíocht idir úsáideoirí. Dá réir sin, ba cheart go gcumhdófaí an dá ghrúpa leis an Rialachán seo. Sainmhínítear soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí faoi mar a shainmhínítear iad sa togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cód Eorpach don Chumarsáid Leictreonach. Orthu sin tá cumarsáid idirphearsanta, amhail Prótacal Idirlín Guthaithe, seirbhísí um theachtaireachtaí meandracha agus seirbhísí ríomhphoist. Is

sochaí faisnéise agus atá san áireamh anseo, na catagóirí a bhfuil stóráil sonraí mar shainghné den tseirbhís a chuirtear ar fáil don úsáideoir, agus tagraítear go háirithe do líonraí sóisialta sa mhéid is nach gcáilíonn siad mar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, do mhargaí ar líne a éascaíonn idirbheartaíocht idir a gcuid úsáideoirí (amhail tomhaltóirí nó gnólachtaí) agus do sheirbhísí óstála eile, lena n-áirítear seirbhís atá á cur ar fáil trí néalríomhaireacht. ***Ba cheart go n-eisiafaí ó raon feidhme an Rialacháin seo, seirbhísí na sochaí faisnéise ar seirbhísí iad nach bhfuil stóráil faisnéise mar shainghné den tseirbhís a chuirtear ar fáil don úsáideoir, agus nach bhfuil inti ach gné choimhdeach de, amhail seirbhísí dlí, ailtireachta, innealtóireachta agus cuntasaíochta a chuirtear ar fáil go cianda ar líne, fiú má thagann siad faoin sainmhíniú atá ar sheirbhísí na sochaí faisnéise de réir Threoir (AE) 2015/1535.***	iad na catagóirí a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise agus atá san áireamh anseo, na catagóirí a bhfuil stóráil sonraí mar shainghné den tseirbhís a chuirtear ar fáil don úsáideoir, agus tagraítear go háirithe do líonraí sóisialta sa mhéid is nach gcáilíonn siad mar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, do mhargaí ar líne a éascaíonn idirbheartaíocht idir a gcuid úsáideoirí (amhail tomhaltóirí nó gnólachtaí) agus do sheirbhísí óstála eile, lena n-áirítear seirbhís atá á cur ar fáil trí néalríomhaireacht.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) I mórán cásanna, ní dhéantar sonraí a stóráil ná a phróiseáil ar ghléas an úsáideora a thuilleadh, ach cuirtear ar fáil iad ar bhonneagar néalbhunaithe chun go mbeidh rochtain orthu ó áit ar bith. Ní gá go mbeadh soláthraithe seirbhíse bunaithe i ndlínse faoi leith ná go mbeadh freastalaithe acu sa dlínse sin chun na seirbhísí sin a reáchtáil. Dá réir sin, níor cheart go mbraithfeadh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar shuíomh iarbhír bhunaíocht an tsoláthraí ná ar shuíomh na saoráide um phróiseáil nó	***scriosta***

um stóráil sonraí.

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe go leordhóthanach le haithris (7).

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Tá soláthraithe seirbhísí bonneagair idirlín a bhaineann le sannadh ainmneacha agus uimhreacha, amhail cláraitheoirí agus clárlanna ainmneacha fearainn ***agus soláthraithe príobháideachta agus seachsholáthraithe*** seirbhíse, nó clárlanna idirlín réigiúnacha le haghaidh seoltaí prótacal idirlín (‘seoltaí IP’), ***thar a bheith*** ábhartha maidir leis na gníomhaithe atá taobh thiar de shuíomhanna gréasáin atá mailíseach nó a bhfuil baol ag baint leo a aithint. Coinníonn siad sonraí atá ***thar a bheith ábhartha maidir le himeachtaí coiriúla mar go*** gceadaíonn siad duine aonair nó eintiteas atá taobh thiar de shuíomh gréasáin a úsáidtear i ngníomhaíocht choiriúil a aithint, nó íospartach gníomhaíochta coiriúla a aithint ***i gcás suíomh gréasáin atá i seilbh coirpeach agus a bhfuil baol ag baint leis***.	(18) Tá soláthraithe seirbhísí bonneagair idirlín a bhaineann le sannadh ainmneacha agus uimhreacha, amhail cláraitheoirí agus clárlanna ainmneacha fearainn nó clárlanna idirlín réigiúnacha le haghaidh seoltaí prótacal idirlín (‘seoltaí IP’), ábhartha maidir leis na gníomhaithe atá taobh thiar de shuíomhanna gréasáin atá mailíseach nó a bhfuil baol ag baint leo a aithint. Coinníonn siad sonraí a ***d’fhéadfadh*** a cheadú go ndéanfaidís duine aonair nó eintiteas atá taobh thiar de shuíomh gréasáin a úsáidtear i ngníomhaíocht choiriúil a aithint, nó íospartach i ngníomhaíocht choiriúil.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Rialáiltear bailiú ***sonraí stóráilte agus é sin amháin leis an Rialachán seo, is é sin, na sonraí atá á gcoinneáil ag soláthraí seirbhíse*** ag an am a ***bhfaighfear Deimhniú*** um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach. Ní shonraítear oibleagáid ghinearálta maidir le coinneáil sonraí leis, ná ní údaraítear idircheapadh sonraí ná sonraí a fháil a dhéanfar a stóráil ag am éigin níos déanaí ná an t-am a ***bhfaighfear deimhniú*** um ordú chun fianaise a thabhairt ar aird nó deimhniú um ordú caomhnaithe. ***Ba cheart sonraí a thabhairt ar aird bídís nó ná bídís criptithe.***	(19) Rialíatear leis an Rialachán seo bailiú ***sonraí*** stóráilte ag an am a ***eisítear*** ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach agus ***ag an am sin amháin***. Ní shonraítear oibleagáid ghinearálta maidir le coinneáil sonraí leis, ná ní údaraítear idircheapadh sonraí ná sonraí a fháil a dhéanfar a stóráil ag am éigin níos déanaí ná an t-am a ***eisítear*** ordú ***Eorpach*** chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe ***Eorpach***.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) I measc na gcatagóirí sonraí a chumhdaítear faoin Rialachán seo tá sonraí rannpháirtí, ***sonraí rochtana, sonraí idirbheartaíochta (gairtear 'sonraí nach inneachar iad' ar na trí chatagóir sin)*** agus sonraí inneachair. ***Tá an t-idirdhealú sin, seachas na sonraí rochtana,*** sna ***dlíchórais*** i mórán Ballstát ***agus freisin i gcreat dlíthiúil reatha na Stát Aontaithe ina gceadaítear do sholáthraithe seirbhíse sonraí nach inneachar iad a roinnt le húdaráis forfheidhmithe dlí ón iasacht ar bhonn deonach***.	(20) I measc na gcatagóirí sonraí a chumhdaítear faoin Rialachán seo tá sonraí rannpháirtí, ***sonraí tráchta*** agus sonraí inneachair. ***Tá na catagóirithe sin le fáil*** i ndlíthe mórán Ballstát.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Is iomchuí díriú ar shonraí ***rochtana*** mar chatagóir sonraí ar leith a úsáidtear sa Rialachán seo. Is é an cuspóir céanna atá le dul sa tóir ar shonraí ***rochtana*** agus ***atá le dul sa tóir ar shonraí rannpháirtí,*** is é sin an t-úsáideoir bunaidh a aithint***,*** agus tá an méid a chuirtear isteach ar chearta bunúsacha ***mar an gcéanna leis an méid a chuirtear isteach orthu i gcás sonraí rannpháirtí. De ghnáth, déantar sonraí rochtana a thaifeadadh mar chuid de thaifead imeachtaí (is é sin le rá loga freastalaí) chun tús agus deireadh seisiúin ina bhfuil rochtain ag úsáideoir ar sheirbhís a chur in iúl*. ***Is seoladh IP aonair (ceann statach nó ceann dinimiciúil) a bhíonn ann go minic nó sin aitheantóir eile a phiocann amach an comhéadan líonra a úsáideadh le linn an tseisiúin rochtana. Mura bhfuil aithne ar an úsáideoir, is minic a bhíonn sé riachtanach é a fháil sula bhféadfar sonraí rannpháirtí a bhaineann leis an aitheantóir sin a ordú ón soláthraí seirbhíse.***	(21) Is iomchuí díriú ar shonraí ***rannpháirtithe*** mar chatagóir sonrach sonraí ar leith a úsáidtear sa Rialachán seo. Déantar sonraí ***rannpháirtithe*** a shaothrú chun an t-úsáideoir bunaidh a aithint agus tá an méid a chuirtear isteach ar chearta bunúsacha ***beagán níos ísle ná mar atá i gceist le catagóirí sonraí eile atá níos íogaire***.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ar an lámh eile, is gnách go dtéitear sa tóir ar shonraí ***idirbheartaíochta*** chun faisnéis a fháil faoi theagmhálaithe an úsáideora agus faoin áit a bhfuil sé lonnaithe agus féadfar iad a úsáid chun	(22) Ar an lámh eile, is gnách go dtéitear sa tóir ar shonraí ***tráchta*** chun faisnéis a fháil faoi theagmhálaithe an úsáideora agus faoin áit a bhfuil sé lonnaithe agus féadfar iad a úsáid chun

próifíl den duine aonair atá i gceist a chruthú. ***Mar sin féin, ní fhéadfaidh sonraí rochtana leo féin feidhmiú chun cuspóir den chineál céanna a bhunú, ní thugtar aon fhaisnéis iontu faoi chomhchainteoirí an úsáideora mar shampla. Dá bhrí sin, tugtar isteach catagóir nua sonraí leis an togra seo, ar sonraí iad a gcaithfear leo amhail mar a chaithfí le sonraí rannpháirtí má tá an aidhm atá leis na*** sonraí ***sin a fháil mar an gcéanna.***	próifíl ***chuimsitheach*** den duine aonair atá i gceist a chruthú. ***Dá bhrí sin, i ndáil lena n-íogaire,*** tá sonraí ***tráchta inchomparáide le sonraí inneachair***.
	Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Tá sonraí pearsanta i ngach catagóir sonraí, agus mar sin tá siad cumhdaithe ag na coimircí faoi *acquis* cosanta sonraí an Aontais, ach baineann éagsúlacht le déine an tionchair ar chearta bunúsacha, go háirithe idir sonraí rannpháirtí agus ***sonraí rochtana*** ar lámh amháin agus sonraí ***idirbheartaíochta*** agus sonraí inneachair ar an ***lámh*** eile. Cé go bhfuil sonraí rannpháirtí ***agus sonraí rochtana*** úsáideach chun leideanna tosaigh a fháil i dtaca le himscrúdú faoi chéannacht duine atá faoi dhrochamhras, is iad na sonraí ***idirbheartaíochta*** agus na sonraí inneachair na sonraí ***is*** ábhartha ó thaobh ábhair a bhfuil luach fianaiseach ag baint leis. Dá bhrí sin, is den bhunriachtanas é go gcumhdófaí na catagóirí sonraí sin go léir leis an ionstraim. De bhrí nach ionann an méid a chuirtear isteach ar chearta bunúsacha sna cásanna éagsúla, forchuirtear coinníollacha difriúla maidir le ***sonraí rannpháirtí agus sonraí rochtana a fháil ar lámh amháin agus ar an lámh eile maidir le sonraí idirbheartaíochta***	(23) Tá sonraí pearsanta i ngach catagóir sonraí, agus mar sin tá siad cumhdaithe ag na coimircí faoi *acquis* cosanta sonraí an Aontais, ach baineann éagsúlacht le déine an tionchair ar chearta bunúsacha, go háirithe idir sonraí rannpháirtí agus sonraí rochtana ar lámh amháin agus sonraí ***tráchta*** agus sonraí inneachair ar an lámh eile. Cé go ***bhféadfadh*** sonraí rannpháirtí ***a bheith*** úsáideach chun leideanna tosaigh a fháil i dtaca le himscrúdú faoi chéannacht duine atá faoi dhrochamhras, ***is minice*** na sonraí ***tráchta*** agus na sonraí inneachair ***a bheith*** ábhartha ó thaobh ábhair a bhfuil luach fianaiseach ag baint leis. Dá bhrí sin, is den bhunriachtanas é go gcumhdófaí na catagóirí sonraí sin go léir leis an ionstraim. De bhrí nach ionann an méid a chuirtear isteach ar chearta bunúsacha sna cásanna éagsúla, forchuirtear ***coimircí agus*** coinníollacha difriúla maidir le ***sonraí den sórt sin*** a fháil.

agus sonraí inneachair a fháil.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Is bearta imscrúdaitheacha iad an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach nár cheart a eisiúint ach amháin i gcreat imeachtaí coiriúla faoi leith ***in aghaidh lucht déanta ciona choiriúil*** nithiúil atá tarlaithe cheana féin agus ***ar daoine iad a bhfuil eolas orthu nó nach bhfuil eolas orthu go fóill,*** tar éis meastóireacht aonair a dhéanamh ar chomhréireacht agus ar riachtanas i ngach cás faoi leith.	(24) Is bearta imscrúdaitheacha iad an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach nár cheart a eisiúint ach amháin i gcreat imeachtaí coiriúla faoi leith ***i ndáil le*** cion coiriúil nithiúil atá tarlaithe cheana féin, tar éis meastóireacht aonair a dhéanamh ar chomhréireacht agus ar riachtanas i ngach cás faoi leith***, agus cearta an duine a bhfuil amhras faoi nó fúithi nó atá cúisithe á gcur san áireamh***.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí imscrúdaitheacha na n-údarás in imeachtaí sibhialta agus riaracháin, nuair a d'fhéadfadh smachtbhannaí a bheith mar thoradh ar imeachtaí den sórt sin san áireamh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Chun ***a chinneadh*** an bhfuil seirbhísí á dtairiscint ag soláthraí seirbhíse san Aontas ní mór a mheas an gcumasaíonn an soláthraí seirbhíse ***daoine dlítheanacha nó daoine nádúrtha*** i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit chun a chuid seirbhísí a úsáid. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh inrochtaineacht chomhéadain ar líne nó inrochtaineacht shuíomh gréasáin ***an tsoláthraí nó an idirghabhálaí,*** nó inrochtaineacht seolta ***ríomhphoist*** nó sonraí teagmhála eile ***i mBallstát amháin nó níos mó mar choinníoll leordhóthanach aisti féin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.***	(27) ***Chun a chinneadh*** an bhfuil seirbhísí á dtairiscint ag soláthraí seirbhíse san Aontas***,*** ní mór a mheas ***an dealraitheach é go bhfuil sé beartaithe ag*** an soláthraí seirbhíse ***seirbhísí a thairiscint d'ábhair sonraí*** i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit ***san Aontas***. Mar sin féin, maidir le hinrochtaineacht chomhéadain ar líne***,*** mar shampla inrochtaineacht shuíomh gréasáin nó seolta ***ríomhphoist nó*** sonraí teagmhála eile ***soláthraí seirbhíse nó idirghabhálaí, nó úsáid teanga, ar teanga í a úsáidtear go coitianta sa tríú tír ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lonnaithe, níor cheart a mheas go bhfuil an inrochtaineacht sin leordhóthanach aisti féin chun rún den sórt sin a dhearbhú***.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Ba cheart go mbeadh nasc substaintiúil leis an Aontas ábhartha freisin chun raon feidhme an Rialacháin seo a chinneadh. Ba cheart a mheas gur ann do nasc substaintiúil den sórt sin leis an Aontas nuair atá bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas. In éagmais bunaíochta den sórt sin, ba cheart an critéar le haghaidh nasc substaintiúil a mheas ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó ar an mbonn go bhfuil	(28) Ba cheart go mbeadh nasc substaintiúil leis an Aontas ábhartha freisin chun raon feidhme an Rialacháin seo a chinneadh. Ba cheart a mheas gur ann do nasc substaintiúil den sórt sin leis an Aontas nuair atá bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas. In éagmais bunaíochta den sórt sin, ba cheart an critéar le haghaidh nasc substaintiúil a mheas ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó ar an mbonn go bhfuil

gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó. Is féidir a chinneadh an bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó ar bhonn na gcúinsí ábhartha go léir, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a mbaintear úsáid aisti nó as i gcoitinne sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a ordú. ***D'fhéadfaí freisin a fháil amach an bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát as feidhmchlár ('aip') a bheith ar fáil san aipmhargadh náisiúnta ábhartha, as fógraíocht áitiúil a bheith á soláthar nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin, nó as láimhseáil an chaidrimh le custaiméirí amhail caidreamh le custaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go coitianta sa Bhallstát sin. Is féidir glacadh leis go bhfuil nasc substaintiúil ann freisin nuair a dhíríonn soláthraí seirbhíse a chuid gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó faoi mar a leagtar amach in Airteagal 17(1)(c) de Rialachán Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála.[36] Ar an lámh eile, ní fhéadfar a mheas gurb ionann, ann féin, soláthar na seirbhíse d'fhonn an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/302[37] a chomhlíonadh, agus gníomhaíochtaí a bheith á ndíriú ar chríoch áirithe laistigh den Aontas, ar an bhforas sin amháin.***

---

[36] Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch 1).

[37] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil

gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó. Is féidir a chinneadh an bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó ar bhonn na gcúinsí ábhartha go léir, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a mbaintear úsáid aisti nó as i gcoitinne sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a ordú.

údar maith léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 601, 2.3.2018, lch. 1).

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ní fhéadfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach i gcás go bhfuil sin riachtanach agus comhréireach. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú an bhfuil an tOrdú teoranta don mhéid atá riachtanach chun go mbainfí amach an cuspóir dlisteanach atá leis na sonraí ábhartha agus riachtanacha a fháil chun go mbeidís mar fhianaise i gcás aonair agus sa chás sin amháin.	(29) Níor cheart Ordú Eorpach ***chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó*** Ordú ***Caomhnaithe Eorpach*** a eisiúint ach amháin i gcás ina bhfuil sé riachtanach agus comhréireach***agus cearta an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe á gcur san áireamh***. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú an bhfuil***cúiseanna láidre ann, as a n-easraíonn leibhéal áirithe amhrais gur tharla coir, chun údar cuí-réasúnaithe a thabhairt le sonraí trasteorann a thabhairt ar aird nó a chaomhnú agus an bhfuil*** an tOrdú teoranta ***go docht*** don méid atá riachtanach chun an aidhm dhlisteanach a bhaint amach na sonraí ábhartha agus riachtanacha a fháil a fheidhmeoidh mar fhianaise sa chás indibhidiúil sin amháin.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Nuair a eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, ba cheart go mbeadh údarás breithiúnach páirteach i gcónaí sa phróiseas a bhaineann le heisiúint an Ordaithe nó sa phróiseas a bhaineann lena bhailíochtú. De bhrí gur sonraí de chineál níos íogaire iad sonraí ***idirbheartaíochta*** agus sonraí inneachair, éilítear go ndéanfadh breitheamh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun na catagóirí sin a thabhairt ar aird a eisiúint nó a bhailíochtú. De bhrí nach bhfuil sonraí rannpháirtí ***agus sonraí rochtana*** chomh híogair céanna, féadfaidh ionchúisitheoirí inniúla Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun na sonraí sin a nochtadh a eisiúint nó a bhailíochtú chomh maith.	(30) Nuair a eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, ba cheart go mbeadh údarás breithiúnach páirteach i gcónaí sa phróiseas a bhaineann le heisiúint an Ordaithe nó sa phróiseas a bhaineann lena bhailíochtú. De bhrí gur sonraí de chineál níos íogaire iad sonraí ***trách***ta agus sonraí inneachair, éilítear go ndéanfadh breitheamh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun na catagóirí sin a thabhairt ar aird a eisiúint nó a bhailíochtú. De bhrí nach bhfuil ***sonraí*** rannpháirtí chomh híogair céanna, féadfaidh ionchúisitheoirí inniúla ***neamhspleácha*** Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun na sonraí sin a nochtadh a eisiúint nó a bhailíochtú chomh maith. ***I gcás ina bhforáiltear dó sa dlí náisiúnta, maidir le forghníomhú an ordaithe, féadfaidh gá a bheith le himeachtaí nós imeachta cúirte sa Stát ina bhfuil an forghníomhú á dhéanamh.***
	Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30 a) Ba cheart ionchúisitheoir a mheas a bheith neamhspleách mura bhfuil an t-ionchúisitheoir sin i mbaol a bheith faoi réir, go díreach nó go hindíreach, treorach nó treoracha i gcás ar leith, ón bhfeidhmeannas, amhail Aire Ceartais, i ndáil le cinneadh a ghlacadh.
	Or. en

Réasúnú

Cás-dlí ó CBAE le déanaí a léiriú.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ar an gcúis chéanna, ní mór idirdhealú a dhéanamh maidir le raon feidhme ábhartha an Rialacháin seo: Féadfar Orduithe chun sonraí rannpháirtí agus ***sonraí rochtana*** a sholáthar a eisiúint i dtaca le cion coiriúil ar bith, ach ba cheart go mbeadh rochtain ar shonraí ***idirbheartaíochta*** agus ar shonraí inneachair faoi réir ceanglas níos déine chun a léiriú gur sonraí de chineál níos íogaire iad. Ceadaíonn tairseach cur chuige níos comhréirí, chomh maith le roinnt coinníollacha agus coimircí eile ex ante agus ex post dá bhforáiltear sa ***togra*** chun urraim don chomhréireacht agus do chearta na ndaoine a ndéanann sé difear dóibh a áirithiú. Ag an am céanna, níor cheart go gcuirfeadh tairseach teorainn le héifeachtacht na hionstraime agus lena húsáid ag cleachtóirí. Trí Orduithe i gcomhair imscrúduithe atá inphionóis le pianbhreith ar feadh uastréimhse ***trí bliana*** ar a laghad a cheadú, beidh raon feidhme na hionstraime teoranta do choireanna tromchúiseacha, gan cur isteach rómhór ar na féidearthachtaí a bhaineann lena húsáid ag cleachtóirí. Eisíonn sé ón raon feidhme líon suntasach coireanna, nach measann na Ballstáit gur coireanna tromchúiseacha iad, agus é sin á léiriú trí uasphionós níos ísle. Tá sé de bhuntáiste aige freisin go bhfuil sí infheidhme go héasca iarbhír.	(31) Ar an gcúis chéanna, ní mór idirdhealú a dhéanamh maidir le raon feidhme ábhartha an Rialacháin seo: Féadfar Orduithe chun sonraí rannpháirtí agus sonraí rochtana a sholáthar a eisiúint i dtaca le cion coiriúil ar bith, ach ba cheart go mbeadh rochtain ar shonraí ***tráchta*** agus ar shonraí inneachair faoi réir ceanglas níos déine chun a léiriú gur sonraí de chineál níos íogaire iad. Ceadaíonn tairseach cur chuige níos comhréirí, chomh maith le roinnt coinníollacha agus coimircí eile *ex ante* agus ***ex post*** dá bhforáiltear sa ***Rialachán seo*** chun urraim don chomhréireacht agus do chearta na ndaoine a ndéanann sé difear dóibh a áirithiú. Ag an am céanna, níor cheart go gcuirfeadh tairseach teorainn le héifeachtacht na hionstraime agus lena húsáid ag cleachtóirí. Trí Orduithe i gcomhair imscrúduithe atá inphionóis le pianbhreith ar feadh uastréimhse ***cúig bliana*** ar a laghad a cheadú, beidh raon feidhme na hionstraime teoranta do choireanna tromchúiseacha, gan cur isteach rómhór ar na féidearthachtaí a bhaineann lena húsáid ag cleachtóirí. Eisíonn sé ón raon feidhme líon suntasach coireanna, nach measann na Ballstáit gur coireanna tromchúiseacha iad, agus é sin á léiriú trí uasphionós níos ísle. Tá sé de bhuntáiste aige freisin go bhfuil sí infheidhme go héasca iarbhír.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Tá cionta faoi leith ann agus de ghnáth is i bhfoirm leictreonach amháin a bheidh an ***fhianaise*** ar fáil ina leith, ar fianaise í atá an-ghearrshaolach de réir cineáil. Is mar sin atá i gcás coireanna a bhaineann le cibearchoireacht, fiú iad siúd nach measfaí gur coireanna tromchúiseacha iad iontu féin agus astu féin ach a d'fhéadfadh damáiste forleathan nó suntasach a dhéanamh, lena n-áirítear go háirithe cásanna ar beag an tionchar a bhíonn acu ar bhonn aonair ach atá an-líonmhar agus a dhéanann damáiste mór ar an iomlán. I bhformhór na gcásanna ina ndearnadh an cion trí chóras faisnéise, dá gcuirfí an tairseach chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le cineálacha eile cionta, ní bheadh aon bhaol pionóis ag baint leo den chuid is mó. Tugann sé sin údar maith do chur i bhfeidhm an Rialacháin freisin maidir le cionta a bhfuil creat pionóis níos lú ná ***trí*** bliana príosúnachta ag gabháil leo. Ní éilítear an uastairseach íosta ***trí*** bliana i gcás cionta breise a bhaineann le sceimhlitheoireacht agus a ndéantar cur síos orthu i dTreoir 2017/541/AE.	(32) Tá cionta faoi leith ann agus de ghnáth is i bhfoirm leictreonach amháin a bheidh an ***fhianaise*** ar fáil ina leith, ar fianaise í atá an-ghearrshaolach de réir cineáil. Is mar sin atá i gcás coireanna a bhaineann le cibearchoireacht, fiú iad siúd nach measfaí gur coireanna tromchúiseacha iad iontu féin agus astu féin ach a d'fhéadfadh damáiste forleathan nó suntasach a dhéanamh, lena n-áirítear go háirithe cásanna ar beag an tionchar a bhíonn acu ar bhonn aonair ach atá an-líonmhar agus a dhéanann damáiste mór ar an iomlán. I bhformhór na gcásanna ina ndearnadh an cion trí chóras faisnéise, dá gcuirfí an tairseach chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le cineálacha eile cionta, ní bheadh aon bhaol pionóis ag baint leo den chuid is mó. Tugann sé sin údar maith do chur i bhfeidhm an Rialacháin freisin maidir le cionta a bhfuil creat pionóis níos lú ná ***cúig*** bliana príosúnachta ag gabháil leo. Ní éilítear an uastairseach íosta ***cúig*** bliana i gcás cionta breise a bhaineann le sceimhlitheoireacht agus a ndéantar cur síos orthu i dTreoir 2017/541/AE.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ina theannta sin, is gá foráil a dhéanamh nach bhféadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird	(33) Ina theannta sin, is gá foráil a dhéanamh nach bhféadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird

a eisiúint ach amháin ***má*** tá ***beart den chineál céanna ar fáil i dtaca leis an gcion coiriúil céanna*** i ***gcás intíre inchomparáide sa Stát eisiúna***.	a eisiúint ach amháin ***i gcás ina bhféadfaí é a ordú faoi na coinníollacha céanna*** i ***gcás*** baile comhchosúil.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) I gcásanna ina ndéantar na sonraí atá á lorg a stóráil nó a phróiseáil mar chuid den bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse do chuideachta nó d'eintiteas eile seachas daoine nádúrtha, i gcás seirbhísí óstála de ghnáth, níor chóir an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a úsáid ach amháin nuair nach mbeadh bearta imscrúdaitheacha eile atá dírithe ar an eintiteas iomchuí, go háirithe dá bhféadfadh a leithéid sin an t-imscrúdú a chur i mbaol. Tá sé sin ábhartha go háirithe nuair a bhíonn eintitis mhóra i gceist, amhail corparáidí nó eintitis rialtais, ar eintitis nó corparáidí iad a bhaineann leas as seirbhísí soláthraithe seirbhíse chun a mbonneagar TF nó a gcuid seirbhísí, nó an dá cheann le chéile, a sholáthar. Ba cheart, i gcásanna mar sin, gurb í an chuideachta nó an t-eintiteas eile an chéad seolaí a bheadh ag Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird. Ní fhéadfaidh an chuideachta seo ná an t-eintiteas eile a bheith ina soláthraí ná ina sholáthraí seirbhíse arna chumhdach ag raon feidhme an Rialacháin seo. Mar sin féin, nuair nach bhfuil sé fóirsteanach, i gcásanna áirithe, díriú ar an eintiteas sin, mar go bhfuil amhras ann go raibh sé páirteach sa chás lena mbaineann nó go bhfuil tásca i dtaca le claonpháirteachas leo siúd ar a bhfuil	***scriosta***

an t-imscrúdú dírithe mar shampla, ba cheart go bhféadfadh údaráis inniúla díriú ar an soláthraí seirbhíse a sholáthraíonn an bonneagar lena mbaineann chun na sonraí iarrtha a chur ar fáil. Ní chuireann an fhoráil sin isteach ar an gceart chun ordú a thabhairt don soláthraí seirbhíse na sonraí a chaomhnú.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
***(35) Tagraítear do dhíolúintí agus do phribhléidí, a d'fhéadfadh a bheith ag tagairt d'aicmí daoine (amhail taidhleoirí) nó do chaidreamh atá faoi chosaint (amhail pribhléid ghairmiúil dlíodóra), in ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile amhail an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach. Baineann éagsúlacht lena raon agus lena dtionchar de réir an dlí náisiúnta is infheidhme agus ar cheart é a chur san áireamh ag an am a n-eisítear an tOrdú, mar go mb'fhéidir nach n-eiseodh an t-údarás eisiúna an tOrdú ach amháin sa chás go mbeadh ordú den sórt céanna ar fáil i gcás intíre inchomparáide. Chomh maith leis an mbunphrionsabal sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh a oiread agus is féidir sa Stát eisiúna na díolúintí agus na pribhléidí a thugann cosaint do shonraí rochtana, do shonraí idirbheartaíochta nó do shonraí inneachair i mBallstát an tsoláthraí seirbhíse, agus iad a chur san áireamh ar an mbealach céanna agus a chuirfí san áireamh iad dá mbeadh foráil déanta dóibh faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna. Tá sin ábhartha go háirithe sa chás go bhforáiltear do chosaint níos airde le dlí**	***scriosta***

an Bhallstáit ina bhfuiltear ag díriú ar an soláthraí seirbhíse nó ar a ionadaí dlíthiúil ná mar a fhoráiltear le dlí an Stáit eisiúna. Áirithítear leis an bhforáil freisin go léireofar urraim do chásanna ina bhféadfadh nochtadh na sonraí tionchar a imirt ar leasanna bunúsacha an Bhallstáit sin amhail slándáil náisiúnta agus cosaint. Mar choimirce bhreise, ba cheart na gnéithe sin a chur san áireamh, ní hamháin nuair a eisítear an tOrdú, ach níos déanaí freisin, nuair atá ábharthacht agus inghlacthacht na sonraí lena mbaineann á meas ag an gcéim ábhartha sna himeachtaí coiriúla, agus má tharlaíonn nós imeachta forfheidhmithe, arna dhéanamh ag an údarás forfheidhmiúcháin.

Or. en

Réasúnú

Le foráil in aithris 36a (nua) agus le tabhairt i gcomhréir le haithris 20 ó OIE.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Féadfar an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint do chion ar bith. Tá sé mar aidhm leis baint, scriosadh, nó athrú sonraí ábhartha a chosc, i gcásanna ina bhféadfadh sé níos mó ama a thógáil na sonraí sin a thabhairt ar aird, de bhrí go mbainfear feidhm as bealaí don chomhar breithiúnach mar shampla.	(36) Féadfar an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint do chion ***coiriúil*** ar bith ***i gcás ina bhféadfaí é a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás baile comhchosúil agus i gcás ina bhfuil cúiseanna doshéanta as a n-éiríonn leibhéal áirithe amhrais go ndearnadh coir chun údar a thabhairt na sonraí a chaomhnú***. Tá sé mar aidhm leis baint, scriosadh, nó athrú sonraí ábhartha a chosc, i gcásanna ina bhféadfadh sé níos mó ama a thógáil na sonraí sin a thabhairt ar aird, de bhrí go mbainfear feidhm as bealaí don chomhar breithiúnach mar shampla.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a dhíriú ar an ionadaí dlíthiúil arna ainmniú ag an soláthraí seirbhíse. ***In éagmais ionadaí dlíthiúil ainmnithe, féadfar Orduithe*** a dhíriú ***ar bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas. Féadfaidh a leithéid sin tarlú mura bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar an soláthraí seirbhíse ionadaí dlíthiúil a ainmniú. I gcás neamhchomhlíonadh ag an ionadaí dlíthiúil i gcásanna éigeandála, féadfar freisin an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a dhíriú ar*** an ***soláthraí seirbhíse i dteannta nó in ionad coinneáil le forfheidhmiú an Ordaithe bunaidh de réir Airteagal 14***. ***I gcás neamhchomhlíonadh ag an ionadaí dlíthiúil i gcásanna neamhéigeandála, ach nuair atá baol soiléir ann go gcaillfear sonraí, féadfar freisin Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a dhíriú ar aon bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas. De bharr na gcásanna féideartha éagsúla seo, úsáidtear an téarma ginearálta 'seolaí' sna forálacha. I gcás ina bhfuil feidhm ag oibleagáid, amhail rúndacht, ní hamháin maidir leis an seolaí, ach maidir leis an soláthraí seirbhíse freisin murab ionann é féin agus an seolaí, déantar é sin a shonrú san fhoráil faoi seach.***	(37) Ba cheart Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a dhíriú ar ***phríomh-bhunáit an tsoláthraí seirbhíse ina bhfuil an rialaitheoir sonraí, nó, maidir le soláthraithe seirbhíse nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo, ar*** an ionadaí dlíthiúil arna ainmniú ag an soláthraí seirbhíse. ***Ag an am céanna, ba cheart*** é a ***dhíriú*** ar an ***údarás forghníomhaitheach***.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37 a) Má tá aitheantas an duine dá ndéantar difear ar eolas ag an údarás eisiúna cheana féin agus nach bhfuil a bhunáit sa stát eisiúna ná forghníomhaitheach, ba cheart an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a sheoladh ag an am céanna chuig an údarás dá ndéantar difear sa stát ina bhfuil buanchónaí an duine sin.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ba cheart na hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha a tharchur ***chuig an soláthraí seirbhíse*** trí Dheimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) nó trí Dheimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR), ***agus ba cheart iad sin a aistriú***. ***Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis éigeantach chéanna sna Deimhnithe agus atá sna hOrduithe, seachas na forais don riachtanas atá leis an mbeart agus a chomhréireacht nó sonraí breise faoin gcás ar eagla go gcuirfí na himscrúduithe i mbaol. De bhrí go bhfuil siad mar chuid den Ordú féin, ceadaíonn siad don duine atá faoi dhrochamhras agóid a dhéanamh ina aghaidh níos déanaí le linn na n-**	(38) Ba cheart na hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha a tharchur trí Dheimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) nó trí Dheimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR). Má tá sin riachtanach, is gá Deimhniú a aistriú go teanga oifigiúil (ceann de theangacha oifigiúla) an Stáit ***fhorghníomhaithigh***, ***agus, i gcás inarb iomchuí, an Stáit a ndéantar difear dó***, nó go teanga oifigiúil eile a bhfuil sé dearbhaithe ***ag na Ballstáit sin*** go ***nglacfaidh*** siad léi. ***Maidir leis sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú arna thíolacadh chuig an gCoimisiún, go nglacfadh siad le haistriúcháin ar EPOCanna agus EPOC-PRanna i gceann***

imeachtaí coiriúla. Má tá sin riachtanach, is gá Deimhniú a aistriú go teanga oifigiúil (ceann de theangacha oifigiúla) ***Bhallstát an tseolaí***, nó go teanga oifigiúil eile a bhfuil sé dearbhaithe ***ag an soláthraí seirbhíse*** go ***nglacfaidh*** sé léi.

amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Ba cheart don Choimisiún na dearbhuithe a chur ar fáil do na Ballstáit uile agus do EJN.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ba cheart don údarás eisiúna inniúil an EPOC nó an EPOC-PR a tharchur go díreach chuig an ***seolaí*** trí aon mheán atá ábalta taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha ***a cheadaíonn don soláthraí seirbhíse a bharántúlacht a shuíomh***, ***amhail post cláraithe, ríomhphost agus ardáin shlána, nó cainéil shlána eile, lena n-áirítear iad sin a chuireann an soláthraí seirbhíse ar fáil***, i gcomhréir leis na rialacha lena dtugtar cosaint do shonraí pearsanta.	(39) Ba cheart don údarás eisiúna inniúil an EPOC nó an EPOC-PR a tharchur go díreach chuig na ***seolaithe*** trí aon mheán ***slán*** atá ábalta taifead ***inrianaithe*** i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha a cheadaíonn a bharántúlacht ***a shuíomh***, i gcomhréir leis na rialacha lena dtugtar cosaint do shonraí pearsanta. ***Maidir le sásraí fíordheimhnithe agus tarchurtha, ba cheart comhbhonneagar digiteach de chuid an Aontais maidir le cumarsáid trasteorann shlán, fíordheimhniú agus tarchur i réimse an cheartais a bheartú a luaithe is féidir.***

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Ba cheart ***na sonraí iarrtha a*** tharchur ***chuig na húdaráis*** laistigh de 10 lá, ar a dhéanaí, tar éis an EPOC a fháil. ***Ba cheart don soláthraí teorainneacha ama níos giorra*** a urramú ***i gcásanna***	(40) ***Ar an EPOC a fháil, ba cheart don údarás forghníomhaitheach*** an ***an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a aithint***, arna tharchur, ***i gcomhréir leis an Rialachán seo, gan gá le haon***

éigeandála agus sa chás go léiríonn an t-údarás eisiúna ***cúiseanna eile chun imeacht ón sprioc-am 10 lá. Chomh maith leis an mbaol atá ann go bhfuiltear ar tí na sonraí iarrtha a scriosadh***, ***d'fhéadfaí cúinsí a bhaineann le himscrúdú atá ar siúl a chur san áireamh i gcúiseanna den sórt sin, mar shampla nuair*** atá baint ag na sonraí iarrtha ***le bearta práinneacha imscrúdaithe eile nach féidir a reáchtáil gan na sonraí atá ar iarraidh nó a bhraitheann orthu ar bhealach eile***.

fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, laistigh de 10 lá ón EPOC a fháil. ***Laistigh den tréimhse 10 lá sin, ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaitheach in ann agóid a dhéanamh i gcoinne an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus ceann de na forais maidir le neamhaithint nó neamh-fhorghníomhú dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus ba cheart don soláthróir seirbhíse na sonraí a iarradh a chaomhnú. I gcás ina ndéanann an t-údarás forghníomhaitheach agóid***, ba cheart dó an t-údarás eisiúna, ***an soláthraí seirbhíse agus, i gás inarb iomchuí, an t-údarás a ndéantar difear dó a chur ar an eolas faoi chinneadh den chineál sin. Mura bhfuil agairt déanta ag an údarás forghníomhaitheach*** ar na ***forais a liostaítear sa Rialachán seo laistigh den tréimhse 10 lá, ba cheart go mbeadh ceangal ar an soláthraí seirbhíse chuig ar seoladh an t-ordú a áirithiú*** láithreach go ndéantar na sonraí a iarradh ***a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig an údarás um fhorfheidhmiú an dlí de réir mar a shonraítear sa EPOC***.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(40 a) I gcásanna éigeandála, ba cheart don údarás forghníomhaitheach an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a aithint, arna tharchur i gcomhréir leis an Rialachán seo gan aon

fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh é laistigh de 24 uair an chloig ón EPOC a fháil, agus ba cheart don soláthraí seirbhíse na sonraí a iarradh a chaomhnú. Más rud é nár agair an t-údarás forghníomhaitheach aon cheann de na forais a liostaítear sa Rialachán seo laistigh den tréimhse 24 uair an chloig sin, ba cheart don soláthraí seirbhíse chuig ar seoladh an t-ordú a áirithiú go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig an údarás um fhorfheidhmiú an dlí de réir mar a shonraítear sa EPOC.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(40 b) I gcás ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil cónaí ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach, agus ina gcreideann an t-údarás a ndéantar difear dó gur ann do cheann amháin de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart dó an t-údarás forghníomhaitheach a chur ar an eolas láithreach, arna bhunú ar thuairim réasúnaithe. Ba cheart don údarás forghníomhaitheach aird chuí a thabhairt ar an tuairim réasúnaithe sin.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Chun go mbeidh cead ag ***soláthraithe seirbhíse*** aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ***foirmiúla***, ***is gá nós imeachta a leagan amach i gcomhair cumarsáide idir an soláthraí seirbhíse agus an t-údarás eisiúna*** i gcásanna ina bhféadfadh an EPOC a bheith neamhiomlán ***nó*** i gcásanna ina mbeadh earráidí follasacha ann nó nuair nach mbeadh dóthain faisnéise ann chun an tOrdú a fhorghníomhú***. Ina theannta sin, sa chás nach gcuirfeadh an soláthraí seirbhíse an fhaisnéis ar fáil ar bhealach uileghabhálach nó tráthúil ar chúis ar bith eile***, ***mar shampla de bhrí go gceapann sé go bhfuil easaontacht le hoibleagáid faoi dhlí tríú tír ann, nó de bhrí go gceapann sé nár eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i gcomhréir leis na coinníollacha*** atá leagtha amach ***leis an Rialachán seo, ba cheart dó dul ar ais chuig na húdaráis eisiúna agus na húdair chaoithiúla a sholáthar dóibh***. Ba cheart mar sin go gceadódh an nós imeachta cumarsáide a bheag nó a mhór don údarás eisiúna an EPOC a cheartú nó a athbhreithniú ag an tús. Chun infhaighteacht na sonraí a áirithiú, ba cheart don soláthraí seirbhíse ***na sonraí a chaomhnú más féidir leo na sonraí atá á lorg a aithint***.	(41) Chun go mbeidh cead ag ***an údarás forghníomhaitheach Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird*** aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ***leis***, i gcásanna ina bhféadfadh an EPOC a bheith neamhiomlán***, i bhfoirm nó in ábhar,*** nó i gcásanna ina mbeadh earráidí follasacha ***ann*** nó nuair nach mbeadh dóthain faisnéise ann chun an tOrdú a fhorghníomhú, ***nó i gcásanna force majeure nó dodhéantacht de facto agus nach féidir sin a leagan ar na seolaithe***, ***is gá nós imeachta a leagan amach i gcomhair cumarsáide chun soiléiriú a iarraidh nó ceartú, i gcás inar gá***. Ba cheart mar sin go gceadódh an nós imeachta cumarsáide a bheag nó a mhór don údarás eisiúna an EPOC a cheartú nó a athbhreithniú ag an tús. ***Ba cheart don údarás eisiúna freagairt go gasta agus laistigh de chúig lá ar a dhéanaí. In éagmais freagairt ón údarás eisiúna, ba cheart a mheas go bhfuil an tOrdú ar neamhní go hiomlán.*** Chun infhaighteacht na sonraí a áirithiú, ba cheart don soláthraí seirbhíse ***na sonraí iarrtha a chaomhnú le linn an nóis imeachta sin, más féidir***.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Tar éis Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR) a fháil, ba cheart don soláthraí seirbhíse na sonraí iarrtha a chaomhnú ***ar feadh uastréimhse 60 lá mura*** gcuirfidh an t-údarás eisiúna ***in iúl*** don soláthraí seirbhíse ***go bhfuil an nós imeachta maidir le hiarraidh ina dhiaidh sin chun sonraí a thabhairt ar aird seolta aige. Sa chás sin*** ba cheart ***leanúint*** den chaomhnú. ***Ceapadh an tréimhse 60 lá chun go bhféadfaí iarraidh oifigiúil a sheoladh. Chuige sin, is gá go mbeadh ar a laghad roinnt céimeanna foirmiúla glactha, mar shampla trí iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a chur chuig aistriúchán. Nuair a fhaightear an fhaisnéis sin,*** ba cheart na sonraí ***a chaomhnú*** chomh fada agus is gá ***nó go gcuirfear na sonraí ar fáil i gcreat an iarrata ina dhiaidh sin chun sonraí a thabhairt ar aird***.	(42) Tar éis Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (‘EPOC-PR’) a fháil, ***ba cheart don údarás forghníomhaitheach an EPOC-PR a aithint, arna tharchur i gcomhréir leis an Rialachán seo, gan gá le haon fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, laistigh de 10 lá ón EPOC-PR a fháil. Laistigh den tréimhse 10 sin, ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaitheach in ann agóid a dhéanamh in aghaidh an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh agus ceann amháin de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a agairt, cé gur*** cheart don soláthraí seirbhíse ***na*** sonraí arna n-iarraidh a choinneáil***. I gcás ina ndéanann an t-údarás forghníomhaitheach agóid, ba cheart dó*** an t-údarás eisiúna ***agus*** an soláthróir seirbhíse a chur ar an eolas ***faoi chinneadh den chineál sin agus ba cheart deireadh a chur leis an gcaomhnú láithreach. Más rud é nár agair an t-údarás forghníomhaitheach aon cheann de na forais a liostaítear sa Rialachán seo laistigh den tréimhse 10 lá sin, ba cheart don soláthraí seirbhíse*** chuig ar seoladh an ***t-ordú leanúint ar aghaidh á chaomhnú*** na sonraí ***ar feadh tréimhse 30 lá agus beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin. Má dheimhníonn an t-údarás eisiúna laistigh den tréimhse 30 lá sin go bhfuil an EPOC ina dhiaidh sin eisithe, ba cheart don soláthróir seirbhíse*** na ***sonraí a chaomhnú*** chomh fada agus is gá ***chun an tOrdú Eorpach*** chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***a fhorghníomhú***. ***Mura bhfuil gá a thuilleadh leis an gcaomhnú, ba cheart don údarás eisiúna é sin a chur in iúl do na seolaithe gan aon mhoill***

mhíchuí.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42 a) Chun go mbeidh cead ag údarás forghníomhaitheach Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna, i gcásanna ina bhféadfadh an EPOC-PR a bheith neamhiomlán, i bhfoirm nó in ábhar, nó i gcásanna ina mbeadh earráidí follasacha ann nó nuair nach mbeadh dóthain faisnéise ann chun an tOrdú a fhorghníomhú, nó i gcásanna force majeure nó dodhéantacht de facto agus nach féidir sin a leagan ar na seolaithe, is gá nós imeachta a leagan amach i gcomhair cumarsáide chun soiléiriú a iarraidh nó ceartú, i gcás inar gá. Ba cheart mar sin go gceadódh an nós imeachta cumarsáide a bheag nó a mhór don údarás eisiúna an EPOC-PR a cheartú nó a athbhreithniú ag an tús. Ba cheart don údarás eisiúna freagairt go gasta agus laistigh de chúig lá ar a dhéanaí. In éagmais freagairt ón údarás eisiúna, ba cheart a mheas go bhfuil an tOrdú ar neamhní go hiomlán. Chun infhaighteacht na sonraí a áirithiú, ba cheart don soláthraí seirbhíse na sonraí a iarradh a chaomhnú le linn an nóis imeachta sin, más féidir.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42 b) D'ainneoin prionsabail na muiníne frithpháirtí, ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaitheach in ann aithint forghníomhaithe Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh a dhiúltiú, i gcásanna ina bhfuil an diúltú sin bunaithe ar fhorais shonracha mar a liostaítear sa Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart go mbeadh an t-údarás a ndéantar difear dó in ann forais den chineál sin a chur faoi bhráid an údaráis forghníomhaithigh, arna bhunú ar thuairim réasúnaithe. Ba cheart don údarás forghníomhaitheach aird chuí a thabhairt ar an tuairim réasúnaithe sin.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42 c) Is prionsabal bunúsach dlí san Aontas é an prionsabal ne bis in idem, arna aithint leis an gCairt agus arna fhorbairt ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás forghníomhaitheach forghníomhú Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh nó Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú dá mbeadh a fhorghníomhú contrártha don phrionsabal sin.

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42 d) I gcás ina mbeadh baint ag aitheantas nó forghníomhú Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh le sárú díolúine nó pribhléide sa Stát forghníomhaitheach, nó, i gcás inarb infheidhme, sa Stát a ndéantar difear dó, ba cheart don údarás forghníomhaitheach an t-ordú sin a dhiúltiú. Níl aon sainmhíniú coitianta ar cad is díolúine ann nó cad is pribhléid ann i ndlí an Aontais. Fágtar sainmhíniú beacht na dtéarmaí seo faoin dlí náisiúnta, mar sin, ina bhféadfar a bheith san áireamh cosaintí a bhfuil feidhm acu maidir le gairmeacha leighis agus dlí. Féadfar a bheith san áireamh, cé nach meastar mar phribhléid nó mar dhíolúine iad, rialacha a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an saoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) ***Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse agus a gcuid ionadaithe dlíthiúla rúndacht a áirithiú agus, sa chás go n-iarrfaidh an t-údarás eisiúna é sin, gan*** an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, ***ar mhaithe le himscrúdú cionta coiriúla a chosaint, i***	(43) ***Toisc*** gur ***eilimint riachtanach maidir le cearta cosanta sonraí agus cearta cosanta í an t-úsáideoir a chur ar an eolas, chun athbhreithniú éifeachtúil agus leigheas breithiúnach a chumasú, i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE agus an Chairt, ba cheart do na seolaithe*** an duine

gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/679[38] . Mar sin féin, gné bhunriachtanach is ea faisnéis úsáideora chun athbhreithniú agus sásamh breithiúnach a chumasú agus ba cheart go gcuirfeadh an t-údarás ar fáil í sa chás gur iarradh ar an soláthraí seirbhíse gan an t-úsáideoir a chur ar an eolas, nuair nach bhfuil aon bhaol go gcuirfí imscrúduithe atá ar siúl i mbaol, i gcomhréir leis an mbeart náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 13 de Threoir (AE) 2016/680 chun feidhme[39].	a bhfuil a chuid sonraí á lorg ***a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí. Nuair a bheidh an duine á chur ar an eolas, ba cheart do na seolaithe*** faisnéis ***maidir le haon leigheasanna atá ar fáil a chur san áireamh amhail dá dtagraítear sa Rialachán seo***.
[38] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).	[38] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
[39] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).	

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43 a) Tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón údarás eisiúna, bunaithe ar ordú cúirte, ba cheart do na seolaithe staonadh ón duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, chun nach ndéanfaí imscrúdú na himeachtaí coiriúla ábhartha a bhac. I gcás inar iarr an t-údarás eisiúna ar an seolaí staonadh ón duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón údarás eisiúna, bunaithe ar ordú cúirte, ba cheart don údarás eisiúna an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg faoin Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó faoin Ordú Caomhnaithe Eorpach a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí maidir leis na sonraí a thabhairt ar aird nó a chaomhnú. D'fhéadfaí moill a chur an faisnéis sin chomh fada agus is gá agus ar feadh tréimhse atá comhréireach, ag tabhairt san áireamh chearta an duine atá faoi dhrochamhras agus an chosantóra agus gan dochar do chearta cosanta agus leigheasanna éifeachtacha dlí. Ba cheart go mbeadh faisnéis maidir le haon leigheasanna atá ar fáil amhail dá dtagraítear sa Rialachán seo curtha san áireamh i bhfaisnéis úsáideora.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43 b) Níor cheart faisnéis leictreonach atá tugtha ar aird nó caomhnaithe ag Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a úsáid ach chun críche na n-imeachtaí dá

bhfuarthas i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43 c) Nuair a bhíonn inghlacthacht fianaise leictreonach a fuarthas i gcomhréir leis an Rialachán seo á meas, ba cheart do chúirte agus breithiúna meas a léiriú ar chearta na cosanta agus cothroime na n-imeachtaí. Ba cheart go mbeadh faisnéis leictreonach a fuarthas de shárú ar an Rialachán seo a bheith do-ghlactha agus ba cheart go ndéanfaí úsáid faisnéise leictreonaí den chineál sin na himeachtaí míchothrom ar an iomlán.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43 d) Ba cheart faisnéis leictreonach a bailíodh de shárú ar choinníollacha ar bith dóibh a liostaítear sa Rialachán seo a bheith scriosta láithreach. Ba cheart faisnéis leictreonach nach bhfuil de dhíth a thuilleadh don imscrúdú nó ionchúiseamh ar tugadh ar aird nó ar caomhnaíodh í, a bheith scriosta láithreach freisin. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit srianta ama iomchuí a shocrú chun faisnéis leictreonach a tugadh ar aird nó a

	caomhnaíodh a scriosadh nó chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngá leis an faisnéis leictreonach a storáil. Ba cheart go gcinnteodh bearta nóis imeachta go léireofar meas ar na srianta ama sin. Ba cheart an duine a ndéantar difear dó a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis a scriosadh.
	Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43 e) Má éilíonn an soláthraí seirbhíse é, ba cheart don Stát eisiúna na costais cuí atá íoctha ag an soláthraí seirbhíse agus a bhaineann le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a aisíoc.
	Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) I gcás neamhchomhlíonadh ag an seolaí, féadfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú iomlán, an réasúnaíocht maidir le riachtanas agus comhréireacht san áireamh, chomh maith leis an Deimhniú, a aistriú chuig an údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar sheolaí an Deimhnithe nó ina bhfuil sé bunaithe. Ba cheart don Bhallstát sin é a fhorfheidhmiú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit foráil	***scriosta***

a dhéanamh d'fhorchur pionós airgid, atá éifeachtach, comhréireach agus a mbeidh feidhm iombhagartha leo i gcás sárú ar na hoibleagáidí a bhunaítear leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Is nós imeachta é an nós imeachta forfheidhmithe ina bhféadfaidh an seolaí cur i gcoinne an fhorfheidhmithe bunaithe ar fhorais shrianta faoi leith. Féadfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin diúltú aitheantas a thabhairt don Ordú agus diúltú é a fhorfheidhmiú ar na forais chéanna, nó dá bhféadfadh díolúintí agus pribhléidí is infheidhme faoina dhlí náisiúnta nó an nochtadh tionchar a bheith acu ar a leasanna bunúsacha amhail slándáil náisiúnta agus cosaint. Ba cheart don údarás forfheidhmiúcháin dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna sula ndiúltaíonn sé aitheantas a thabhairt don ordú nó sula ndiúltaíonn sé an t-ordú a fhorfheidhmiú, bunaithe ar na forais sin. I gcás neamhchomhlíonadh, féadfaidh na húdaráis smachtbhannaí a fhorchur. Ba cheart freisin go mbeadh na smachtbhannaí sin comhréireach i bhfianaise cúinsí sonracha amhail neamhchomhlíonadh leanúnach nó sistéamach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) D'ainneoin na n-oibleagáidí atá orthu maidir le cosaint sonraí, níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas sna Ballstáit maidir le ***dochar dá gcuid úsáideoirí nó dá dtríú páirtithe***, ar dochar é atá mar thoradh ar chomhlíonadh EPOC nó EPOC-PR le ***hintinn mhaith*** agus mar thoradh air sin amháin.	(46) D'ainneoin na n-oibleagáidí atá orthu maidir le cosaint sonraí, níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas sna Ballstáit maidir leis ***na hiarmhairtí***, ar iarmhairtí iad atá mar thoradh ar chomhlíonadh EPOC nó EPOC-PR.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Chomh maith le cur as do na daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí iarrtha, d'fhéadfadh an beart imscrúdaitheach cur as do na ***soláthraithe seirbhíse agus*** do thríú ***tíortha***. Cuirtear sásra sonrach i gcomhair athbhreithniú ***breithiúnach*** ar fáil leis an ionstraim seo i gcás go gcuirfeadh comhlíonadh ***an*** Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***cosc ar sholáthraithe seirbhíse oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn as dlí tríú tír*** a chomhlíonadh agus déantar é sin ar mhaithe le cúirtéis i dtaca le leasanna ceannasacha tríú tíortha a áirithiú agus chun an duine aonair lena mbaineann a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí easaontacha ar sholáthraithe seirbhíse.	(47) Chomh maith le cur as do na daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí iarrtha, d'fhéadfadh an beart imscrúdaitheach cur as do ***dlí*** thríú ***tír***. Cuirtear sásra sonrach i gcomhair athbhreithniú ar fáil leis an ionstraim seo i gcás ina ***gceapann an t-údarás forghníomhaitheach, ina aonair nó ar son an soláthróir seirbhíse, nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás a ndéantar difear dó, go mbeadh*** easaontacht idir comhlíonadh ***an*** Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an ***Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh*** agus ***na dlíthe is infheidhme*** i dtríú ***tír ar dlíthe iad a thoirmeascann nochtadh na sonraí lena mbaineann*** agus déantar é sin ar mhaithe le cúirtéis i dtaca le leasanna ceannasacha tríú tíortha a áirithiú agus chun an duine aonair lena mbaineann a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí easaontacha ar sholáthraithe seirbhíse.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Chun na críche sin, aon uair a cheapann an ***seolaí*** go mbeadh sárú oibleagáide dlíthiúla i gcás faoi leith i gceist leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, ar oibleagáid dhlíthiúil í a eascraíonn as dlí tríú tír, ba cheart ***dó*** é sin a chur in iúl don údarás eisiúna ***le hagóid réasúnaithe, agus na foirmeacha a sholáthraítear á n-úsáid aige***. Ba cheart ansin go n-athbhreithneodh an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***i bhfianaise na hagóide réasúnaithe***, agus na critéir ***chéanna a mbeadh ar an gcúirt inniúil iad a leanúint á gcur san áireamh aige***. ***Nuair a chinneann an t-údarás seasamh leis an Ordú, ba cheart an nós imeachta a threorú chuig an gcúirt inniúil, de réir mar atá fógartha*** ag an ***mBallstát*** ábhartha, ***agus ansin déanann an chúirt sin athbhreithniú*** ar an Ordú.	(48) Chun na críche sin, aon uair a cheapann an ***t-údarás forghníomhaitheach, ina aonair nó bunaithe ar fhianaise ón soláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás a ndéantar difear dó***, go mbeadh sárú oibleagáide dlíthiúla i gcás faoi leith i gceist leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an ***Ordú Caomhnaithe Eorpach*** ar oibleagáid dhlíthiúil í a eascraíonn as dlí tríú tír, ba cheart don ***údarás forghníomhaitheach*** é sin a chur in iúl don údarás eisiúna ***laistigh de 10 lá ón ordú a fháil***. Ba cheart ansin go n-athbhreithneodh an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an ***tOrdú Caomhnaithe Eorpach, laistigh de 10 lá ón fógra a fháil***, ag tabhairt san áireamh critéir ***lena n-áirítear na leasanna atá á chosaint*** ag an dlí ***ábhartha, an nasc idir an cás coiriúil agus an tríú tír, an nasc idir an soláthraí seirbhíse agus an tríú tír, leasanna an Stáit imscrúdaithe***, ar leasanna iad a bhaineann le ***faisnéis leictreonach a fháil agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na seolaithe de bharr an Ordaithe Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe*** Eorpach a chomhlíonadh. ***Ba cheart na sonraí a iarradh a chaomhnú le linn an nóis imeachta sin, más féidir.***

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(48 a) Ba cheart go mbeadh an t-údarás eisiúna in ann an tOrdú a tharraingt siar, a chumhdach nó a oiriúnú más gá, chun éifeacht a thabhairt do na critéir iomchuí. I gcás tarraingt siar, ba cheart don údarás eisiúna na seolaithe a chur ar an eolas maidir leis an tarraingt siar láithreach. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás eisiúna an tOrdú a chumhdach, ba cheart dó na seolaithe a chur ar an eolas maidir lena chinneadh. Ba cheart don údarás forghníomhaitheach, agus cinneadh an údaráis eisiúna a thabhairt san áireamh acu ar bhealach iomchuí, cinneadh críochnaitheach a dhéanamh bunaithe ar na critéir a liostaítear sa Rialachán seo, laistigh de 10 lá ó chinneadh an údaráis eisiúna a fháil, agus an t-údarás eisiúna, an tsoláthraí seirbhíse agus, i gcás inar iomchuí, an Stát a ndéantar difear dó a chur ar an eolas maidir lena chinneadh críochnaitheach.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le heasaontacht oibleagáide a bheith ann i gcúinsí sonracha an cháis atá á scrúdú, ba cheart don ***chúirt inniúil dul i dtuilleamaí saineolas seachtrach cuí nuair a theastaíonn sé, mar shampla, má ardaítear ceisteanna san athbhreithniú maidir le léirmhíniú ar***	(49) Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le heasaontacht oibleagáide a bheith ann i gcúinsí sonracha an cháis atá á scrúdú, ba cheart don ***údarás eisiúna agus an údarás forghníomhaitheach a bheith in ann faisnéis a lorg*** ó ***údarás*** inniúil na tríú tíortha***, i gcomhréir le Treoir (AE)***

dhlí an tríú tír lena ***mbaineann***. ***D'fhéadfadh dul i mbun comhairliúcháin le húdaráis lárnacha na tíre sin a bheith i gceist leis sin***.	***2016/680, sa mhéid nach gcuirtear aon bhac ar na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo***.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) D'fhéadfaí saineolas maidir le léirmhíniú a chur ar fáil freisin trí thuairimí saineolacha nuair a bhíonn siad ar fáil. Ba cheart faisnéis agus cásdlí maidir le léirmhíniú ar ***dhlíthe tríú tíortha*** agus maidir le nósanna imeachta ***easaontais*** sna Ballstáit a chur ar fáil ar ardán lárnach amhail tionscadal SIRIUS agus/nó an Gréasán Breithiúnach Eorpach. ***Ba cheart go gceadódh sé sin do na cúirteanna leas a bhaint*** as an taithí agus as an saineolas atá bailithe ag ***cúirteanna eile*** maidir leis na ceisteanna céanna nó ceisteanna atá cosúil leo. Níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar dhul i mbun comhairliúcháin arís leis an tríú stát más cuí.	(50) D'fhéadfaí saineolas maidir le léirmhíniú a chur ar fáil freisin trí thuairimí saineolacha nuair a bhíonn siad ar fáil. Ba cheart faisnéis agus cásdlí maidir le léirmhíniú ar ***dhlíthe*** tríú ***tíortha*** agus maidir le nósanna imeachta ***easaontais*** sna Ballstáit a chur ar fáil ar ardán lárnach amhail tionscadal SIRIUS agus/nó an Gréasán Breithiúnach Eorpach, ***d'fhonn sochar a bhaint*** as taithí agus saineolas a bailíodh maidir leis na ceisteanna céanna nó ceisteanna comhchosúla. Níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar dhul i mbun comhairliúcháin arís leis an tríú stát más cuí.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Nuair is ann d'easaontachtaí oibleagáide, ba cheart don chúirt a chinneadh an dtoirmeascann forálacha easaontacha an tríú tír nochtadh na sonraí lena mbaineann ar na forais go	***scriosta***

bhfuil sin riachtanach chun cosaint a thabhairt do chearta bunúsacha na ndaoine aonair lena mbaineann nó do leasanna bunúsacha an tríú tír, ar leasanna iad a bhaineann le slándáil náisiúnta nó le cosaint. Agus an measúnú sin á dhéanamh aici, ba cheart don chúirt a chur san áireamh an bhfuil dlí an tríú tír beartaithe go follasach chun leasanna eile a chosaint nó an bhfuil sé dírithe ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chumhdach ó iarrataí forfheidhmithe dlí i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla, seachas a bheith beartaithe chun cosaint a thabhairt do chearta bunúsacha, nó do leasanna tríú tír i dtaca le slándáil náisiúnta nó le cosaint. Nuair a chinneann an chúirt go dtoirmeascann forálacha easaontacha an tríú tír nochtadh na sonraí lena mbaineann ar na forais go bhfuil sin riachtanach chun cosaint a thabhairt do chearta bunúsacha na ndaoine aonair lena mbaineann nó do leasanna bunúsacha an tríú tír, ar leasanna iad a bhaineann le slándáil náisiúnta nó le cosaint, ba cheart di dul i gcomhairle leis an tríú tír trí údaráis lárnacha na tíre sin, ar údaráis iad atá ann cheana féin ar mhaithe le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i bhformhór chríocha an domhain. Ba cheart di sprioc-am a leagan síos don tríú tír chun agóidí a dhéanamh i gcoinne fhorghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird; sa chás nach bhfreagraíonn údaráis an tríú tír laistigh den sprioc-am (fadaithe) ainneoin meabhrúcháin a chuir na hiarmhairtí a bhaineann le gan freagra a thabhairt ar a súile dóibh, seasfaidh an chúirt leis an Ordú. Má dhéanann údaráis an tríú tír agóid i gcoinne nochtadh, ba cheart don chúirt an tOrdú a chur i leataobh.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Sna cásanna eile go léir ina bhfuil easaontachtaí oibleagáide i gceist, agus nach bhfuil baint acu le cearta bunúsacha an duine aonair ná le leasanna bunúsacha an tríú tír, ar leasanna iad a bhaineann le slándáil náisiúnta nó le cosaint, ba cheart don chúirt roinnt gnéithe a chur sa mheá agus cinneadh á dhéanamh aici maidir le seasamh leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, ar gnéithe iad sin a ceapadh chun a fháil amach cé chomh láidir agus atá an nasc le ceachtar den dá dhlínse lena mbaineann, na leasanna faoi seach atá i gceist leis na sonraí a fháil nó nochtadh na sonraí a chosc, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don soláthraí seirbhíse dá mbeadh air an tOrdú a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach, i gcás cionta a bhfuil baint acu le cibearchoireacht, go gcumhdódh an áit a ndearnadh an choir an áit (na háiteanna) inar tharla an gníomh agus an áit (na háiteanna) inar tháinig éifeachtaí an chiona i gcrích.	***scriosta***

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) Beidh feidhm freisin ag na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9, áit a dtarlaíonn easaontacht oibleagáidí ag eascairt as dlí tríú tír. Ba cheart na sonraí a chaomhnú le linn an	***scriosta***

nóis imeachta sin. Nuair a chuirtear an tOrdú i leataobh, féadfar Ordú Caomhnaithe nua a eisiúint chun cead a thabhairt don údarás eisiúna soláthar na sonraí a lorg ar bhealaí eile, amhail cúnamh dlíthiúil frithpháirteach.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 54

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(54) ***Is den bhunriachtanas é go mbeadh rochtain ag na daoine go léir a n-iarrtar a gcuid sonraí in imscrúduithe coiriúla ar leigheas éifeachtach dlíthiúil,*** i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***. I gcás daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe,*** ba cheart ***an*** ceart chun leigheas éifeachtach ***a fháil a fheidhmiú le linn na n-imeachtaí coiriúla. Féadfaidh sé sin dul i bhfeidhm ar inghlacthacht, nó de réir mar a bheidh, ar sheasamh*** na fianaise sna ***himeachtaí, ar fianaise í a fuarthas ar an mbealach sin. Ina theannta sin, baineann siad tairbhe as na ráthaíochtaí nós imeachta go léir is infheidhme orthu, amhail an ceart atá acu faisnéis a fháil. Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag daoine eile, nach daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, leigheas éifeachtach a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart, ar a laghad ar bith,*** go ndéanfaí foráil don fhéidearthacht go ndéanfaí agóid i gcoinne dlíthiúlacht Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird***, lena n-áirítear riachtanas agus comhréireacht*** an Ordaithe. ***Níor chóir go gcuirfí teorainn leis an Rialachán seo leis na forais fhéideartha chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht an Ordaithe. Ba***	(54) I gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***is den bhunriachtanas é go mbeadh sé de cheart ag na daoine go léir a n-iarradh a gcuid sonraí trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach leigheas éifeachtach a fháil in aghaidh Orduithe den chineál*** sin sa ***Stát eisiúna agus sa Stát forghníomhaitheach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear*** an fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht ***an Ordaithe, agus gan dochar do na leigheasanna atá ar fáil faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir (AE) 2016/680. Ba cheart agóid a dhéanamh in aghaidh na gcúiseanna substainteacha*** maidir leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***nó Ordú Caomhnaithe Eorpach*** a eisiúint sa Stát eisiúna***, gan dochar do na ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha sa Stát forghníomhaitheach. Ba cheart don údarás eisiúna agus an údarás forghníomhaitheach*** na ***bearta cuí a thógáil lena áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil maidir leis na roghanna a bhaineann le leigheasanna dlíthiúla a lorg faoin*** dlí náisiúnta ***i dtráth cuí, lena n-áirítear faisnéis maidir le cathain a***

cheart na leigheasanna sin a fheidhmiú sa Stát eisiúna ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.*** Ba cheart go mbeadh na ***rialacha maidir le faoiseamh eatramhach faoi rialú*** an dlí náisiúnta.	***bheidh na leigheasanna sin ar fáil agus ba cheart dóibh áirithiú go bhféadfar iad a fheidhmiú go héifeachtach***.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Ina theannta sin, le linn an nóis imeachta um fhorfheidhmiú agus le linn an leighis dhlíthiúil ina dhiaidh sin, féadfaidh an seolaí cur i gcoinne forfheidhmiú Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar roinnt forais theoranta, lena n-áirítear gan é a bheith eisithe nó bailíochtaithe ag údarás inniúil nó go bhfuil sé soiléir go sáraíonn sé go follasach Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó go bhfuil sé míchuí go follasach. Mar shampla, thabharfadh Ordú ag iarraidh sonraí inneachair a sholáthar a bhaineann le haicme daoine neamhshainithe i limistéar geografach nó nuair nach bhfuil aon nasc ann le himeachtaí coiriúla nithiúla neamhaird go follasach ar na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint.	***scriosta***

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(56) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 16(1) de CFAE, tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Nuair atá an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus nach bhféadfar iad a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aistrithe thuas (aithris 11a (nua)).

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Níor cheart sonraí pearsanta a fhaightear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin nuair is gá sin a dhéanamh ar mhaithe le coiriúlacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh nó ar mhaithe le smachtbhannaí coiriúla a fhorfheidhmiú agus cearta cosanta a fheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, ach go háirithe, go mbeidh feidhm ag beartais agus bearta cuí um chosaint sonraí maidir le tarchur sonraí pearsanta ó údaráis ábhartha chuig soláthraithe seirbhíse chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear bearta chun slándáil na	***scriosta***

sonraí a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse an rud céanna a áirithiú i dtaca le sonraí pearsanta a tharchur chuig na húdaráis ábhartha. Ba cheart gur ag daoine údaraithe agus acu sin amháin a bheadh rochtain ar fhaisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta a fhéadfar a fháil trí phróisis fíordheimhniúcháin. Ba cheart úsáid sásraí chun barántúlacht a áirithiú a bhreithniú, amhail córais náisiúnta ríomh-shainaitheantais arna gcur in iúl nó seirbhísí iontaoibhe faoi mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe thuas (aithris 11b (nua) agus aithris 39).

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo agus ba cheart go mbeadh an mheastóireacht sin bunaithe ar chúig chritéar na héifeachtúlachta, na héifeachtachta, an ábharthachta, an chomhtháthaithe agus ar ***luach*** breise AE agus ba cheart go mbeadh sí mar bhunús do mheasúnuithe tionchair ***ar bhearta féideartha sa todhchaí***. Ba cheart faisnéis a bhailiú go rialta agus é sin a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar an Rialachán seo.	(58) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo agus ba cheart go mbeadh an mheastóireacht sin bunaithe ar chúig chritéar na héifeachtúlachta, na héifeachtachta, an ábharthachta, an chomhtháthaithe agus ar ***bhreisluach*** AE agus ba cheart go mbeadh sí mar bhunús do mheasúnuithe tionchair. Ba cheart faisnéis a bhailiú go rialta agus é sin a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(59) Trí fhoirmeacha atá réamhaistrithe agus caighdeánaithe a úsáid, éascaítear an comhar agus an malartú faisnéise ***idir údaráis bhreithiúnacha agus soláthraithe seirbhíse,*** lenar féidir leo ***fianaise*** leictreonach ***a aimsiú agus a tharchur ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí, agus chomh maith leis sin na ceanglais slándála a bhfuil gá leo a chomhlíonadh*** ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir. Laghdaíonn siad na costais a bhaineann le haistriúchán agus rannchuidíonn siad le caighdeán ardcháilíochta. Ar an mbealach céanna, ba cheart go gceadódh foirmeacha freagartha faisnéis a mhalartú ar bhealach caighdeánach***, go háirithe nuair nach bhfuil soláthraithe seirbhíse ábalta comhlíonadh a dhéanamh de bhrí nach ann don chuntas nó de bhrí nach bhfuil aon sonraí ar fáil.*** Ba cheart freisin go ndéanfadh na foirmeacha éascú ar bhailiú staitisticí.	(59) Trí fhoirmeacha atá réamhaistrithe agus caighdeánaithe a úsáid éascaítear an comhar agus an malartú faisnéise, lenar féidir ***faisnéis*** leictreonach ***a tharchur níos tapa agus níos éifeachtaí*** ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir. ***D'fhéadfadh*** siad ***freisin*** na costais a bhaineann le haistriúchán a laghdú agus rannchuidiú le caighdeán ardcháilíochta. Ar an mbealach céanna, ba cheart go gceadódh foirmeacha freagartha faisnéis a mhalartú ar bhealach caighdeánach. Ba cheart freisin go ndéanfadh na foirmeacha éascú ar bhailiú staitisticí.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 60

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(60) Chun díriú go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le nithe a feabhsú maidir le hinneachar EPOCanna	***scriosta***

agus EPOC-PRanna agus leis an bhFoirm a úsáidfear chun faisnéis a chur ar fáil maidir le forghníomhú EPOC nó EPOC-PR a bheith dodhéanta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40] an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[40] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Níor cheart go nglacfadh na bearta atá bunaithe ar an Rialachán seo ionad Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha i	(61) Níor cheart go nglacfadh na bearta atá bunaithe ar an Rialachán seo ionad Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha i

gcomhréir le Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] maidir le ***fianaise*** leictreonach a fháil. Ba cheart go roghnódh údaráis na mBallstát an uirlis is oiriúnaí dá gcás féin; d'fhéadfadh sé gurbh fhearr leo feidhm a bhaint as an Ordú Imscrúdaithe Eorpach nuair a bhíonn bearta imscrúdaitheacha de chineálacha éagsúla á n-iarraidh acu, lena n-áirítear ***fianaise*** leictreonach ó Bhallstát eile a thabhairt ar aird ach gan a bheith teoranta dó sin.	gcomhréir le Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] maidir le ***faisnéis*** leictreonach a fháil. Ba cheart go roghnódh údaráis na mBallstát an uirlis is oiriúnaí dá gcás féin; d'fhéadfadh sé gurbh fhearr leo feidhm a bhaint as an Ordú Imscrúdaithe Eorpach nuair a bhíonn bearta imscrúdaitheacha de chineálacha éagsúla á n-iarraidh acu, lena n-áirítear ***faisnéis*** leictreonach ó Bhallstát eile a thabhairt ar aird ach gan a bheith teoranta dó sin.
[41] Treoir 2014/41/AE an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch.1).	[41] Treoir 2014/41/AE an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch.1).

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(62) De bharr forbairtí teicneolaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh uirlisí nua cumarsáide i réim faoi cheann roinnt blianta, nó d'fhéadfadh bearnaí i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theacht chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh d'athbhreithniú maidir lena chur i bhfeidhm.	***scriosta***

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 63

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(63) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon feabhas a chur ar fháil agus ar dhaingniú ***fianaise*** leictreonaí thar theorainneacha, de bharr chineál trasteorann na fianaise, agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.	(63) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon feabhas a chur ar fháil agus ar dhaingniú ***faisnéise*** leictreonaí thar theorainneacha, de bharr chineál trasteorann na faisnéise, agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 64

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(64) I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i ndáil leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. ***[***tá fógra tugtha ag ***an Ríocht Aontaithe*** /Éire gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo***] nó [***agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an ***Ríocht Aontaithe /Éire*** rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm***].***	(64) I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i ndáil leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an ***Ríocht*** Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagtar amach leis an Rialachán seo na rialacha faoinar féidir le húdarás Ballstáit ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas ***fianaise*** leictreonach a thabhairt ar aird nó a chaomhnú, gan beann ar shuíomh na sonraí. ***Tá an rialachán seo gan dochar do na cumhachtaí atá ag údaráis náisiúnta iallach a chur ar sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe nó a bhfuil ionadaíocht thar a gceann ar a gcríoch chun bearta náisiúnta den sórt céanna a chomhlíonadh.***	1. Leagtar amach leis an Rialachán seo na rialacha faoinar féidir le húdarás Ballstáit ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas ***faisnéis*** leictreonach in ***imeachtaí coiriúla*** a thabhairt ar aird nó a chaomhnú, gan beann ar shuíomh na sonraí.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Is féidir le duine atá faoi amhras nó duine atá cúisithe, nó le dlíodóir atá ag gníomhú thar ceann an duine sin, iarraidh a dhéanamh i leith Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint, faoi chuimsiú na gcearta cosanta is infheidhme i gcomhréir le nósanna imeachta coiriúla náisiúnta.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ciallaíonn 'Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird' cinneadh ***ceangailteach ag*** údarás ***eisiúna*** Ballstáit lena gcuirtear ***iallach*** ar sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas agus atá bunaithe i mBallstát eile nó a bhfuil ionadaíocht thar a cheann i mBallstát eile, ***fianaise*** leictreonach a thabhairt ar aird;	(1) ciallaíonn 'Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird' cinneadh ***breithiúnach arna eisiúint nó arna bhailíochtú*** ag údarás ***breithiúnach*** Ballstáit ***('an Stát eisiúna')*** lena gcuirtear ***d'oibleagáid*** ar sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas agus atá bunaithe i mBallstát eile nó a bhfuil ionadaíocht ***dhlithiúil*** thar a cheann i mBallstát eile agus atá ***faoi cheangal ag an Rialachán seo ('an Stát forghníomhaitheach')***, ***faisnéis*** leictreonach a thabhairt ar aird;

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ciallaíonn 'Ordú Caomhnaithe Eorpach' cinneadh ***ceangailteach ag*** údarás ***eisiúna*** Ballstáit lena gcuirtear ***iallach*** ar sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas agus atá bunaithe i mBallstát eile nó a bhfuil ionadaíocht thar a cheann i mBallstát eile, ***fianaise*** leictreonach a chaomhnú i bhfianaise iarraidh ina dhiaidh sin chun í a thabhairt ar aird;	(2) ciallaíonn 'Ordú Caomhnaithe Eorpach' cinneadh ***breithiúnach arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag*** údarás ***breithiúnach*** Ballstáit ***('an Stát eisiúna')*** lena gcuirtear ***d'oibleagáid*** ar sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas agus atá bunaithe i mBallstát eile nó a bhfuil ionadaíocht ***dhlithiúil*** thar a cheann i mBallstát eile agus atá ***faoi cheangal ag an Rialachán seo ('an Stát forghníomhaitheach')***, ***faisnéis*** leictreonach a chaomhnú i bhfianaise iarraidh ina dhiaidh sin chun í a thabhairt ar aird;

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a chuireann ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seirbhísí seo a leanas ar fáil:	(3) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a chuireann ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seirbhísí seo a leanas ar fáil ***agus a ghníomhaíonn mar rialaitheoir sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679:***

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) seirbhísí maidir le hainmneacha fearainn idirlín agus maidir le huimhriú IP amhail soláthraithe seoltaí IP, clárlanna ainmneacha fearainn***,*** cláraitheoirí ainmneacha fearainn ***agus seirbhísí príobháideachta agus seachsheirbhísí gaolmhara;***	(c) seirbhísí maidir le hainmneacha fearainn idirlín agus maidir le huimhriú IP amhail soláthraithe seoltaí IP, clárlanna ainmneacha fearainn ***agus*** cláraitheoirí ainmneacha fearainn;

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn ‘bunaíocht’ ***a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch iarbhír ar feadh tréimhse neamhshonrach trí bhonneagar seasmhach óna ndéantar***	(5) ciallaíonn ‘***príomh***bhunaíocht’***, maidir le soláthraí seirbhíse a bhfuil bunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin aige, an áit ina bhfuil a riaracháin***

an gnó a bhaineann le seirbhísí a sholáthar a reáchtáil nó bonneagar seasmhach óna ndéantar an gnó a bhainistiú;	***lárnach san Aontas, mura rud é go nglactar na cinntí maidir le críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta i mbunaíocht eile de chuid an rialaitheora san Aontas agus go bhfuil an chumhacht ag an mbunaíocht sin chun cinntí den sórt sin a chur chun feidhme, agus sa chás sin meastar gurb í an bhunaíocht a ghlac cinntí den sórt sin an phríomhbhunaíocht;***

Or. en

Réasúnú

Bunaithe ar shainmhíniú Rialachán (AE) 2016/679 (Airteagal 4 (16(a)).

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ciallaíonn ***'fianaise*** leictreonach' ***fianaise a*** stórálann soláthraí seirbhíse nó a stóráiltear ***thar ceann*** soláthraí seirbhíse ***i bhfoirm leictreonach*** ar ***dheimhniú*** um ordú chun fianaise a thabhairt ar aird nó a chaomhnú ***a fháil, arb é atá ann sonraí rannpháirtí, sonraí rochtana, sonraí idirbheartaíochta agus sonraí inneachair atá stóráilte***;	(6) 'ciallaíonn ***faisnéis'*** leictreonach ***sonraí rannpháirtí, sonraí tráchta nó sonraí inneachair*** arna stóráil ***ag*** soláthraí seirbhíse ag an tráth ***a eisítear*** Ordú ***Eorpach*** chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach***, a d'fhéadfaí a úsáid mar fhianaise le linn an imscrúdaithe, ionchúisimh agus imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le cion coiriúil i mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;***

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ciallaíonn ‘sonraí rannpháirtí’ aon sonraí a bhaineann le:	(7) ciallaíonn ‘sonraí rannpháirtí’ aon sonraí a bhaineann leis ***an ainm a soláthraíodh, dáta breithe, seoladh poist nó seoladh geografach, sonraí billeála agus íocaíochta, teileafón, nó ríomhphost; trína ndéantar céannacht an rannpháirtí nó an chustaiméara a nochtadh;***
(a) céannacht an rannpháirtí nó an chustaiméara amhail an t-ainm a soláthraíodh, dáta breithe, seoladh poist nó seoladh geografach, sonraí billeála agus íocaíochta, teileafón, nó ríomhphost;	
(b) an cineál seirbhíse agus a fad ama, lena n-áirítear sonraí teicniúla agus sonraí lena sainaithnítear bearta teicniúla gaolmhara nó comhéadain a úsáideann an rannpháirtí nó a chuirtear ar fáil don rannpháirtí nó don chustaiméir, agus sonraí a bhaineann le húsáid na seirbhíse a bhailíochtú, seachas pasfhocail nó modhanna eile fíordheimhniúcháin a úsáidtear in ionad pasfhocail arna soláthar ag úsáideoir, nó arna gcruthú ar iarraidh ón úsáideoir;	

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ciallaíonn ‘sonraí ***rochtana’*** sonraí a bhaineann le ***tosú agus críochnú an tseisiúin ina bhfuil rochtain ag úsáideoir ar sheirbhís, ar sonraí iad atá fíor-riachtanach chun úsáideoir na seirbhíse a shainaithint agus chun na críche sin amháin, amhail an dáta agus am na húsáide, nó an logáil isteach chuig an tseirbhís agus an logáil amach aisti, mar***	(8) ciallaíonn ‘sonraí ***tráchta’*** sonraí a bhaineann le:

aon leis an seoladh IP arna leithdháileadh ag an soláthraí seirbhíse um rochtain idirlín ar an úsáideoir seirbhíse, chomh maith le sonraí a shainaithníonn an comhéadan a úsáideadh agus aitheantas an úsáideora. Áirítear leis sin meiteashonraí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 4(3) den [Rialachán a bhaineann le hurraim don saol príobháideach agus le cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach];

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) cineál na seirbhíse agus a fad ama, lena n-áirítear sonraí teicniúla agus sonraí lena sainaithnítear bearta teicniúla gaolmhara nó comhéadain a úsáideann an rannpháirtí nó an custaiméir nó a chuirtear ar fáil don rannpháirtí nó don chustaiméir, agus sonraí a bhaineann le húsáid na seirbhíse a bhailíochtú, seachas pasfhocail nó modhanna eile fíordheimhniúcháin a úsáidtear in ionad pasfhocail arna soláthar ag úsáideoir, nó arna gcruthú ar iarraidh ón úsáideoir;

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) tosú agus críochnú an tseisiúin ina bhfuil rochtain ag úsáideoir ar sheirbhís, amhail an dáta agus am na húsáide, nó an logáil isteach chuig an tseirbhís agus an logáil amach aisti, mar aon leis na seoltaí IP;

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) meiteashonraí cumarsáide leictreonaí arna bpróiseáil i líonra cumarsáide leictreonaí chun críoch inneachar cumarsáide leictreonaí a tharchur, a leithdháileadh nó a mhalartú, lena n-áirítear sonraí a úsáidtear chun foinse agus ceann scríbe cumarsáide a rianú agus a shainaithint, sonraí maidir le suíomh an trealaimh teirminéil arna phróiseáil i gcomhthéacs seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar, agus an dáta, am, fad tréimhse agus cineál na cumarsáide;

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'sonraí idirbheartaíochta' sonraí a bhaineann le soláthar seirbhíse a thairgeann an	***scriosta***

soláthraí seirbhíse agus a fheidhmíonn chun comhthéacs nó faisnéis bhreise faoi sheirbhís den sórt sin a chur ar fáil agus ar sonraí iad atá á nginiúint nó á bpróiseáil ag córas faisnéise de chuid an tsoláthraí seirbhíse, amhail an fhoinse agus ceann scríbe teachtaireachta nó idirghníomhaíochta de chineál eile, sonraí maidir le suíomh an ghléis, dáta, am, fad tréimhse, méid, bealach, agus formáid, an prótacal a úsáideadh agus cineál an chomhbhrúite, murab ionann sonraí den sórt sin agus sonraí rochtana. Áirítear leis sin meiteashonraí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 4(3) den [Rialachán a bhaineann le hurraim don saol príobháideach agus le cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach];

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn 'sonraí inneachair' ***aon sonraí atá stóráilte i bhformáid dhigiteach*** amhail téacs, guth, físeáin, íomhánna, agus fuaim ***seachas sonraí rannpháirtí, sonraí rochtana nó sonraí idirbheartaíochta;***	(10) ciallaíonn 'sonraí inneachair' ***an t-inneachar a tharchuirtear, a leithdháiltear nó a mhalartaítear trí bhíthin seirbhísí cumarsáide leictreonaí,*** amhail téacs, guth, físeáin, íomhánna, agus fuaim***; i gcás ina ndéantar meiteashonraí cumarsáide leictreonaí*** eile ***nó prótacail a tharchur, a leithdháileadh nó a mhalartú trí na seirbhísí faoi seach a úsáid, measfar gur sonraí inneachair iad le haghaidh na seirbhíse faoi seach;***

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ciallaíonn 'Stát ***forfheidhmiúcháin'*** an Ballstát ***ina bhfuil cónaí ar an seolaí don Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó don Ordú Caomhnaithe Eorpach nó an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe agus ar chuige a dhéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach agus an Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur i gcomhair forfheidhmiú;***	(13) ciallaíonn 'Stát ***forghníomhaitheach***'an Ballstát ***ina ndéanann an rialaitheoir sonraí an fhaisnéis leictreonach a phróiseáil nó, i gcás soláthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí sna Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ach nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit sin, ina bhfuil a ionadaíocht dhlíthiúil*** bunaithe;

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ciallaíonn 'údarás ***forfheidhmiúcháin***' an t-údarás inniúil sa Stát ***forfheidhmiúcháin*** ar chuige a dhéanfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***agus an Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach agus*** an Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur ***i gcomhair forfheidhmiú;***	(14) ciallaíonn 'údarás ***forghníomhaitheach***' an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach ar chuige a dhéanfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***nó*** an Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur***, chun an t-ordú a fhorghníomhú i gcomhréir leis an Rialachán seo; i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rannpháirtíocht nós imeachta cúirte sa Stát forghníomhaitheach chun an t-ordú a fhorghníomhú;***

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14 a) ciallaíonn 'Stát dá ndéantar difear' an Ballstát ina bhfuil buanchónaí ar an duine dá ndéantar difear, i gcás ina bhfuil céannacht an duine sin ar eolas ag an údarás eisiúna cheana agus i gcás nach é Stát buanchónaithe an duine an Stát eisiúna ná an Stát forghníomhaitheach;

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mí 1 – pointe 14 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14 b) ciallaíonn 'údarás dá ndéantar difear' an t-údarás inniúil sa Stát dá ndéantar difear ar chuige a dhéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur más eol don údarás eisiúna nach bhfuil cónaí ar an duine dá ndéantar difear sa stát eisiúna ná sa stát forghníomhaitheach,

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ciallaíonn ‘cásanna éigeandála’ cásanna ina bhfuil garbhaol ann do bheatha nó do shláine fhisiceach duine ***nó do bhonneagar criticiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2008/114/CE[46] ón gComhairle.***	(15) ciallaíonn ‘cásanna éigeandála’ cásanna ina bhfuil garbhaol ann do bheatha nó do shláine fhisiceach duine.
46 Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 34523.12.2008. lch. 75).	46 Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 34523.12.2008. lch. 75).

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí ***san Aontas.***	1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí ***i mBallstát amháin nó níos mó atá faoi cheangal ag an Rialachán seo.***

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní fhéadfar na hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na hOrduithe ***Caomhnaithe*** Eorpacha a	2. Ní fhéadfar na hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na hOrduithe ***Caomhnaithe*** Eorpacha a

eisiúint ach amháin in imeachtaí coiriúla, le linn chéim na réamhthrialach agus na trialach araon. Féadfar na hOrduithe a eisiúint freisin in imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil a bhféadfadh duine dlítheanach a bheith faoi dhliteanas ina leith nó a bhféadfaí pionós a ghearradh ar dhuine dlítheanach ina leith sa Stát eisiúna.	eisiúint ach amháin in imeachtaí coiriúla, le linn chéim na réamhthrialach agus na trialach araon. Féadfar na hOrduithe a eisiúint freisin in imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil a bhféadfadh duine dlítheanach a bheith faoi dhliteanas ina leith nó a bhféadfaí pionós a ghearradh ar dhuine dlítheanach ina leith sa Stát eisiúna.
	Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh siad seo a leanas Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint i gcomhair sonraí rannpháirtí ***agus*** i gcomhair ***sonraí rochtana:***	1. Féadfaidh siad seo a leanas Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint i gcomhair sonraí rannpháirtí:
(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó	(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir ***neamhspleách*** atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó
(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, ina cháil mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir sa Stát eisiúna Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird den sórt sin a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint faoin Rialachán seo.	(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, ina cháil mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir ***neamhspleách*** sa Stát eisiúna Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird den sórt sin a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint faoin Rialachán seo.
	I gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rannpháirtíocht nós imeachta cúirte sa Stát forghníomhaitheach chun an t-ordú

a fhorghníomhú.

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is iad seo a leanas, agus iad sin amháin, a fhéadfaidh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le sonraí ***idirbheartaíochta*** agus sonraí inneachair a eisiúint:	2. Is iad seo a leanas, agus iad sin amháin, a fhéadfaidh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le sonraí ***tráchta*** agus sonraí inneachair a eisiúint:

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh siad seo a leanas Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint:	3. Féadfaidh siad seo a leanas Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint:
(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó	(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir ***neamhspleách*** atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó
(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, ina cháil mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir sa Stát eisiúna Ordú Caomhnaithe Eorpach den sórt sin a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú	(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, ina cháil mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir ***neamhspleách*** sa Stát eisiúna Ordú Caomhnaithe Eorpach den sórt sin a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú

Caomhnaithe Eorpach a eisiúint faoin Rialachán seo.

Caomhnaithe Eorpach a eisiúint faoin Rialachán seo.

I gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rannpháirtíocht nós imeachta cúirte sa Stát forghníomhaitheach chun an t-ordú a fhorghníomhú.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 (2) ***agus*** ní fhéadfar é a eisiúint ach amháin sa chás go ***mbeadh beart den sórt céanna ar fáil*** i dtaca leis an ***gcion coiriúil*** céanna ***i gcás*** intíre ***inchomparáide sa Stát eisiúna***.	2. Beidh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 (2)***, agus cearta an duine a bhfuil amhras ina leith nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh.*** Ní fhéadfar ***é*** a eisiúint ach amháin sa chás ***go bhféadfaí é a bheith ordaithe faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre den sórt céanna agus ina bhfuil cúiseanna dosháraithe ann, is siocair le leibhéal áirithe amhrais go ndearnadh an choir, chun bonn cirt a thabhairt le hordú trasteorann chun fianaise a thabhairt ar aird i ndáil leis na sonraí.***

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le	3. Féadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le

sonraí rannpháirtí ***nó le sonraí rochtana*** a thabhairt ar aird a eisiúint le haghaidh gach cion coiriúil.	sonraí rannpháirtí a thabhairt ar aird a eisiúint le haghaidh gach cion coiriúil.
	Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní fhéadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le sonraí ***idirbheartaíochta*** nó sonraí inneachair a thabhairt ar aird a eisiúint ach amháin	4. Ní fhéadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le sonraí ***tráchta*** nó sonraí inneachair a thabhairt ar aird a eisiúint ach amháin ***i gcomhair cionta coiriúla atá inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta ar feadh uastréimhse 5 bliana ar a laghad.***
(a) i gcomhair cionta coiriúla atá inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad, nó	
(b) i gcomhair na gcionta seo a leanas, más amhlaidh go ndearnadh na cionta sin go hiomlán nó go páirteach trí chóras faisnéise:	
– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 de Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle[47];	
– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 7 de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48];	
– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 8 de Threoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;	
(c) i gcomhair cionta coiriúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 12 agus in Airteagal 14 de	

Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] .

---

[47] Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac (IO L 149, 2.6.2001, lch. 1).

[48] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír ghnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

[49] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal l5 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Ar bhonn eisceachtúil, féadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i dtaca le sonraí tráchta nó sonraí inneachair a thabhairt ar aird a eisiúint i gcomhair na gcionta seo a leanas, sa chás go bhfuil beart den sórt céanna ar fáil i dtaca leis an gcion céanna sa Stát forghníomhaitheach:

(a) i gcomhair na gcionta seo a leanas, más amhlaidh go ndearnadh na cionta sin go hiomlán nó go páirteach trí chóras faisnéise,

– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 de Chinneadh Réime 2001/413/CGB[1a] ón gComhairle;

– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 7 de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b.];

– cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 8 de Threoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) i gcomhair cionta coiriúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go hAirteagal 12 agus in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1c.];

[1a.] Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac (IO L 149, 2.6.2001, lch. 1).

[1b.] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír ghnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

[1c.] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***seolaí*** an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird dá dtagraítear in Airteagal 7;	(b) ***seolaithe*** an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird dá dtagraítear in Airteagal 7;

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) catagóir na sonraí a iarradh (sonraí rannpháirtí, ***sonraí rochtana,*** sonraí ***idirbheartaíochta*** nó sonraí inneachair);	(d) catagóir na sonraí a iarradh (sonraí rannpháirtí, sonraí ***rochtana***, nó sonraí inneachair);

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an raon ama a n-iarrtar é a thabhairt ar aird, ***más infheidhme***;	(e) an raon ama a n-iarrtar é a thabhairt ar aird;

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) i gcás éigeandála ***nó i gcás iarrata ar nochtadh níos luaithe,*** na cúiseanna atá leis sin;	(g) i gcás éigeandála, na cúiseanna ***cuí-réasúnaithe*** atá leis sin;

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) i gcásanna ina bhfuil na sonraí atá á lorg á stóráil nó á bpróiseáil mar chuid de bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse do chuideachta nó d'eintiteas eile seachas daoine nádúrtha, deimhniú go bhfuil an tOrdú á dhéanamh i gcomhréir le mír 6;	***scriosta***

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt.	(i) na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt***, agus cearta an duine a bhfuil amhras ina leith nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh.***

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcásanna ina ndéantar na sonraí atá á lorg a stóráil nó a phróiseáil mar chuid den bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse do chuideachta nó d'eintiteas eile seachas daoine nádúrtha, ní fhéadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhíriú ar an soláthraí seirbhíse ach amháin nuair nach mbeadh bearta imscrúdaitheacha a bheadh dírithe ar an gcuideachta nó ar an eintiteas iomchuí, go háirithe ar an gcúis go bhféadfaidís an t-imscrúdú a chur i mbaol.	***scriosta***

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Má tá cúiseanna ag an údarás eisiúna lena chreidiúint, go bhfuil sonraí idirbheartaíochta nó sonraí inneachair atá á n-iarraidh faoi chosaint ag díolúintí agus ag pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Bhallstáit ina ndíreofar ar an soláthraí seirbhíse, nó dá bhféadfadh nochtadh na sonraí tionchar a imirt ar leasanna bunúsacha an Bhallstáit sin amhail slándáil náisiúnta agus cosaint, beidh ar an údarás eisiúna soiléiriú a lorg sula n-eisíonn sé an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, lena n-áirítear dul i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, go díreach trí Eurojust nó tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach. Má fhaigheann	***scriosta***

an t-údarás eisiúna amach go bhfuil na sonraí rochtana, na sonraí idirbheartaíochta nó na sonraí inneachair atá á n-iarraidh faoi chosaint ag díolúintí agus ag pribhléidí den sórt sin, nó go mbeadh tionchar ag nochtadh na sonraí ar leasanna bunúsacha an Bhallstáit eile, ní eiseoidh sé an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar é a eisiúint nuair atá sin riachtanach agus comhréireach chun baint, scriosadh, nó athrú sonraí a chosc i bhfianaise iarraidh ina dhiaidh sin chun na sonraí sin a thabhairt ar aird trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach. Féadfar Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i dtaca le sonraí a chaomhnú a eisiúint le haghaidh gach cion coiriúil.	2. Féadfar é a eisiúint nuair atá sin riachtanach agus comhréireach chun baint, scriosadh, nó athrú sonraí a chosc i bhfianaise iarraidh ina dhiaidh sin chun na sonraí sin a thabhairt ar aird trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach***, agus cearta an duine a bhfuil amhras ina leith nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh.*** Féadfar Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a eisiúint le haghaidh gach cion coiriúil***, sa chás go bhféadfaí é a bheith ordaithe faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre den sórt céanna agus ina bhfuil cúiseanna dosháraithe ann is siocair le leibhéal áirithe amhrais go ndearnadh an choir chun bonn cirt a thabhairt le caomhnú na sonraí.***

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***seolaí*** an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 7;	(b) ***seolaithe*** an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 7;

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) catagóir na sonraí a dhéanfar a chaomhnú (sonraí rannpháirtí, ***sonraí rochtana,*** sonraí ***idirbheartaíochta*** nó sonraí inneachair);	(d) catagóir na sonraí a dhéanfar a chaomhnú (sonraí rannpháirtí, sonraí ***tráchta*** nó sonraí inneachair);

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an raon ama a n-iarrtar é a chaomhnú, ***más infheidhme***;	(e) an raon ama a n-iarrtar é a chaomhnú;

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt.	(g) na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt***, agus cearta an***

duine a bhfuil amhras ina leith nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh.

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6 a
	Ionadaí dlíthiúil
	1. I gcás nach bhfuil soláthraí seirbhíse, a thairgeann seirbhísí sna Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo, bunaithe san Aontas, déanfaidh na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo rialacha a leagan síos lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse den sórt sin aon ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú le haghaidh na nOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na nOrduithe Caomhnaithe Eorpacha arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorghníomhú, chun críche faisnéis leictreonach in imeachtaí coiriúla a bhailiú. Beidh an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ina dtairgeann an soláthraí seirbhíse a chuid seirbhísí.
	2. I gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse, a thairgeann seirbhísí sna Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo, bunaithe i mBallstát nach bhfuil faoi cheangal ag an Rialachán seo, déanfaidh na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo rialacha a leagan síos chun go ndéanfaidh soláthraí seirbhíse den sórt sin aon ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú le haghaidh na nOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus na nOrduithe Caomhnaithe

Eorpacha arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorghníomhú, chun críche faisnéis leictreonach in imeachtaí coiriúla a bhailiú. Beidh an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ina dtairgeann an soláthraí seirbhíse a chuid seirbhísí.

3. Ar ainmniú an ionadaí dhlíthiúil, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh soláthraí seirbhíse den sórt sin fógra i scríbhinn don Bhallstát ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil bunaithe. Beidh san fhógra an t-ainmniú agus sonraí teagmhála a ionadaí dhlíthiúil mar aon le haon athruithe ina leith sin.

4. Sonrófar san fhógra an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais, dá dtagraítear i Rialachán 1/58, inar féidir dul i dteagmháil leis an ionadaí dlíthiúil. Orthu sin beidh, ar a laghad, ceann amháin de na teangacha arna glacadh ag an mBallstát ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe.

5. Beidh an fhaisnéis, a dtabharfar fógra ina leith do na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar fáil go poiblí ar leathanach tiomnaithe idirlín an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla. Déanfar faisnéis den sórt sin a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta.

6. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme de bhun an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Seolaí Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh	***Seolaithe*** Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Díreofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach go díreach ***ar ionadaí dlíthiúil arna ainmniú ag*** an soláthraí seirbhíse chun críche ***fianaise*** a bhailiú in imeachtaí coiriúla.	1. Chun críche ***faisnéis leictreonach*** in imeachtaí coiriúla a bhailiú, díreofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach go díreach ***agus i gcomhthráth*** ***(a) ar phríomhbhunaíocht*** an tsoláthraí seirbhíse ***ina bhfuil an rialaitheoir sonraí nó, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí dlíthiúil; agus*** ***(b) ar an údarás forghníomhaitheach.***

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh aon soláthraí seirbhíse atá bunaithe ar a gcríoch fógra i scríbhinn don Bhallstát maidir leis an áit ina bhfuil

a rialaitheoir sonraí bunaithe. Beidh san fhógra sonraí teagmhála phríomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhíse maidir leis an áit ina bhfuil an rialaitheoir sonraí mar aon le haon athruithe ina leith sin.

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. Beidh an fhaisnéis, a dtabharfar fógra ina leith do na Ballstáit i gcomhréir le mír 1a, ar fáil go poiblí ar leathanach tiomnaithe idirlín an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla. Déanfar faisnéis den sórt sin a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta.

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 c. I gcás ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil cónaí sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg, díreofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i gcomhthráth ar an údarás dá ndéanfar difear chomh maith.

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Murar ceapadh aon ionadaí dlíthiúil tiomnaithe, féadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a dhíriú ar aon bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas.	***scriosta***

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás nach gcomhlíonann an t-ionadaí dlíthiúil EPOC i gcás éigeandála de bhun Airteagal 9(2), féadfar an EPOC a dhíriú ar aon bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas.	***scriosta***

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás nach gcomhlíonann an t-ionadaí dlíthiúil a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 9 agus faoi Airteagal 10 agus ina measann an t-údarás eisiúna go bhfuil baol mór ann go gcaillfear sonraí, féadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú	***scriosta***

Caomhnaithe Eorpach a dhíriú ar aon bhunaíocht de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur chuig an ***seolaí*** mar a shainmhínítear é in Airteagal 7 trí Dheimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) nó trí Dheimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR).	Déanfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur chuig na ***seolaithe*** mar a shainmhínítear iad in Airteagal 7 trí Dheimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) nó trí Dheimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR).

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar an EPOC nó an EPOC-PR a tharchur go díreach trí aon mheán atá ábalta taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha ***lena gceadaítear don seolaí*** a bharántúlacht a ***shuíomh.***	Déanfar an EPOC nó an EPOC-PR a tharchur go díreach trí aon mheán atá ábalta taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha lena ***gcruthaítear*** a bharántúlacht ***do na seolaithe.***

Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I cás go bhfuil ardáin thiomnaithe nó bealaí slána eile bunaithe ag soláthraithe seirbhíse, ag Ballstáit nó ag comhlachtaí de chuid an Aontais chun láimhseáil a dhéanamh ar iarrataí ar shonraí ó údaráis um fhorfheidhmiú an dlí nó ó údaráis bhreithiúnacha, beidh sé de rogha ag an údarás eisiúna freisin an Deimhniú a tharchur trí na bealaí sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(5) (a) go ***(h)*** san EPOC, lena n-áirítear faisnéis atá leordhóthanach chun gur féidir leis an ***seolaí*** an t-údarás eisiúna a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis. ***Ní áireofar ann na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt ná sonraí breise maidir leis na himscrúduithe.***	3. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(5) (a) go ***(i)*** san EPOC, lena n-áirítear faisnéis atá leordhóthanach chun gur féidir leis na ***seolaithe*** an t-údarás eisiúna a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis.

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 6(3) (a) go ***(f)*** san EPOC-PR, lena n-áirítear faisnéis atá leordhóthanach chun gur féidir leis an ***seolaí*** an t-údarás	4. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 6(3) (a) go ***(g)*** san EPOC-PR, lena n-áirítear faisnéis atá leordhóthanach chun gur féidir leis na ***seolaithe*** an t-údarás

eisiúna a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis. ***Ní áireofar ann na forais do riachtanas agus do chomhréireacht an bhirt ná sonraí breise maidir leis na himscrúduithe.***	eisiúna a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis.

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás inar gá sin, aistreofar an EPOC nó an EPOC-PR chuig teanga oifigiúil de chuid an ***Aontais a bhfuil glacadh ag an seolaí léi.*** Sa chás nach bhfuil ***aon*** teanga ***sonraithe, aistreofar an EPOC nó an EPOC-ER chuig ceann de theangacha oifigiúla an Bhall***stáit ina bhfuil cónaí ar ***an ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe.***	5. Aistreofar an EPOC nó an EPOC-PR chuig teanga oifigiúil an ***Stáit fhorghníomhaithigh, agus,*** i gcás inarb ***infheidhme, an Stát dá ndéanfar difear, nó in aon*** teanga ***eile*** a mbeidh glacadh ***léi*** ag ***an*** Stát ***forghníomhaitheach, agus,*** i gcás inarb ***infheidhme, an Stát dá ndéanfar difear, i gcomhréir le mír 5a.***

Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Féadfaidh aon Bhallstát, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú arna thíolacadh chuig an gCoimisiún, go nglacfaidh sé le haistriúcháin ar EPOCanna agus ar EPOC-PRanna i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas an teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe ar fáil do na Ballstáit uile agus do EJN.

Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar an EPOC a fháil, ***áiritheoidh an seolaí go ndéanfar na sonraí iarrtha*** a tharchur ***go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig na húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí mar atá léirithe san EPOC laistigh de 10 lá, ar a dhéanaí,*** ón EPOC a fháil***, mura léiríonn an t-údarás eisiúna go bhfuil cúiseanna chun iad a nochtadh níos túisce ná sin***.	1. Ar an EPOC a fháil, ***aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach an EPOC,*** arna tharchur ***i gcomhréir leis an Rialachán seo, gan gá le haon fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh*** údarás ***de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann,*** laistigh de 10 lá ón EPOC a fháil.

Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Laistigh den tréimhse 10 lá dá dtagraítear i mír 1, cé go gcaomhnóidh an soláthraí seirbhíse na sonraí arna n-iarraidh, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach agóid a dhéanamh in aghaidh an EPOC agus ceann amháin de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe dá bhforáiltear in Airteagal 10a a agairt. Sa chás sin, déanfaidh sé an t-údarás eisiúna, an soláthraí seirbhíse agus, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás a ndearnadh difear dó a chur ar an eolas faoin

gcinneadh sin .

Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. Más rud é nár agair an t-údarás forghníomhaitheach aon cheann de na forais a liostaítear in Airteagal 10a laistigh de thréimhse 10 lá, áiritheoidh an soláthraí seirbhíse chuig ar seoladh an t-ordú go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur láithreach go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig an údarás um fhorfheidhmiú an dlí de réir mar a shonraítear sa EPOC.

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcásanna éigeandála, déanfaidh ***an seolaí na sonraí a iarradh a tharchur gan aon mhoill mhíchuí,*** laistigh de ***shé*** uair an chloig, ***ar a dhéanaí***, ón EPOC a fháil.	2. I gcásanna éigeandála, ***aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach an EPOC, arna tharchur i gcomhréir leis an Rialachán seo*** gan aon ***fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh é*** laistigh de ***24*** uair an chloig ón EPOC a fháil***, agus caomhnóidh an soláthraí seirbhíse na sonraí a iarradh***.

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Más rud é nár agair an t-údarás forghníomhaitheach aon cheann de na forais a liostaítear in Airteagal 10a laistigh den tréimhse 24 uair an chloig dá dtagraítear i mír 2, áiritheoidh an soláthraí seirbhíse chuig ar seoladh an t-ordú go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur láithreach go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig an údarás um fhorfheidhmiú an dlí de réir mar a shonraítear sa EPOC.

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 b. I gcás ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil cónaí ar an duine ar leis nó léi na sonraí a iarradh sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach, agus ina gcreideann an t-údarás a ndearnadh difear dóibh gur ann do cheann amháin de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe a liostaítear in Airteagal 10a, cuirfidh sé an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach, arna bhunú ar thuairim réasúnaithe. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aird chuí ar an tuairim réasúnaithe sin.

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Mura féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh de bhrí go bhfuil*** an EPOC neamhiomlán, go bhfuil earráidí follasacha ann nó mura bhfuil dóthain faisnéise ann chun an EPOC a fhorghníomhú, cuirfidh ***an seolaí*** é sin in iúl don údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC gan aon mhoill mhíchuí agus iarrfaidh sé soiléiriú, ag úsáid na Foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III***. Cuirfidh sé in iúl don údarás eisiúna arbh fhéidir sainaithint agus caomhnú a dhéanamh mar a leagtar amach i mír 6.*** Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus laistigh de chúig lá ar a dhéanaí. Ní bheidh feidhm ag na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 1 ***agus i mír 2*** nó go gcuirfear an soiléiriú ar fáil.	3. ***Má bhíonn*** an EPOC neamhiomlán, má bhíonn earráidí follasacha ann***, ó thaobh leagan amach nó inneachair de,*** nó mura mbíonn dóthain faisnéise ann chun an EPOC a fhorghníomhú, déanfaidh ***an t-údarás forghníomhaitheach, thar a cheann féin nó thar ceann an tsoláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás a ndearnadh difear dó,*** an t-údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí agus iarrfaidh sé soiléiriú ***nó, i gcás inar gá, ceartúchán ar an údarás eisiúna***, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid. Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus laistigh de 5 lá ar a dhéanaí. Ní bheidh feidhm ag na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 1***, 1a, 1b, 2 agus 2a*** nó go gcuirfear an soiléiriú ar fáil. ***In éagmais freagairt ón údarás eisiúna, measfar an t-ordú a bheith ar neamhní go hiomlán.***

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Mura féidir leis ***an seolaí a oibleagáid*** a chomhlíonadh de bharr force majeure nó de bharr dodhéantacht de facto nach ***é an seolaí*** nó an soláthraí seirbhíse, murab ionann iad, is cúis leo, go háirithe de bhrí nach custaiméir dá gcuid an duine a	4. Mura féidir leis ***na seolaithe a n-oibleagáidí*** a chomhlíonadh de bharr *force majeure* nó de bharr dodhéantacht *de facto* nach ***iad na seolaithe*** nó an soláthraí seirbhíse, murab ionann iad, is cúis leo, go háirithe de bhrí nach custaiméir dá gcuid

bhfuil a chuid sonraí á lorg, nó de bhrí gur scriosadh na sonraí sula bhfuarthas an EPOC, cuirfidh ***an seolaí*** an t-údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC ar an eolas gan mhoill agus míneoidh sé na cúiseanna, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid aige. Má dhéantar na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh, aistarraingeoidh an t-údarás eisiúna an EPOC.	an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg, nó de bhrí gur scriosadh na sonraí sula bhfuarthas an EPOC, déanfaidh ***an t-údarás forghníomhaitheach, thar a cheann féin nó thar ceann an tsoláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás a ndearnadh difear dó,*** an t-údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC a chur ar an eolas gan mhoill agus míneoidh sé na cúiseanna, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid. Má chomhlíntar na coinníollacha ábhartha a, aistarraingeoidh an t-údarás eisiúna an EPOC ***agus na seolaithe a chur ar an eolas faoina chinneadh***.
	Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I ngach cás nach gcuireann an seolaí an fhaisnéis a iarradh ar fáil, nach gcuireann sé an fhaisnéis ar fáil go huileghabhálach nó nach gcuireann sé an fhaisnéis ar fáil laistigh den sprioc-am, ar chúiseanna eile, cuirfidh sé na cúiseanna atá leis sin in iúl don údarás eisiúna gan aon mhoill mhíchuí agus, ar a dhéanaí, laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 agus úsáid á baint aige as an bhFoirm in Iarscríbhinn III. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an ordú i bhfianaise na faisnéise a chuir an soláthraí seirbhíse ar fáil agus más gá, socróidh sé sprioc-am nua don soláthraí seirbhíse chun na sonraí a thabhairt ar aird.	***scriosta***
	Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe le hAirteagal 10a (nua).

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina measann an seolaí nach bhféadfar an EPOC a fhorghníomhú mar gur léir, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC agus air sin amháin, go sáraíonn sé go follasach Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó go bhfuil sé míchuí go follasach, cuirfidh an seolaí an Fhoirm in Iarscríbhinn III chuig an údarás forfheidhmithe inniúil i mBallstát an tseolaí freisin. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an t-údarás forfheidhmithe inniúil soiléiriú ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a lorg ón údarás eisiúna, go díreach trí Eurojust nó tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Le cumhdach in Airteagal 10a, ina liostófar na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe.

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Caomhnóidh ***an seolaí*** na sonraí a iarradh***, mura dtugann sé na sonraí ar aird láithreach, ach amháin sa chás nach gceadaíonn an fhaisnéis san EPOC dó na***	6. ***I rith an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 1, 1a, 1b, 2, 2a, 3 agus 4, caomhnóidh an soláthraí***

sonraí a iarradh a shainaithint, agus sa chás sin lorgóidh sé soiléiriú i gcomhréir le mír 3. Seasfar leis an gcaomhnú nó go dtabharfar na sonraí ar aird, bíodh sin ar bhonn an tsoiléirithe ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus ar an Deimhniú a ghabhann leis, nó ar bhealaí eile, amhail cúnamh dlíthiúil frithpháirteach. Mura bhfuil gá a thuilleadh na sonraí a thabhairt ar aird agus a chaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna, agus nuair is infheidhme de bhun Airteagal 14(8) an t-údarás forfheidhmiúcháin, é sin in iúl don seolaí gan aon mhoill mhíchuí.	***seirbhíse*** na sonraí a iarradh.
	Or. en

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar an EPOC-PR a fháil, ***caomhnóidh an seolaí na sonraí a iarradh, gan aon mhoill mhíchuí. Scoirfear den chaomhnú tar éis 60 lá, mura ndeimhníonn*** an t-údarás ***eisiúna gur seoladh an iarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird***.	1. Ar an EPOC a fháil, ***aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach an EPOC-PR, arna tharchur i gcomhréir leis an Rialachán seo, gan gá le haon fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorfheidhmiú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, laistigh de 10 lá ón EPOC-PR a fháil***.
	Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Laistigh de na 10 lá dá dtagraítear i mír 1, cé go gcaomhnóidh an soláthraí seirbhíse na sonraí arna n-iarraidh, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach agóid a dhéanamh in aghaidh an EPOC-PR agus ceann amháin de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamhfhorghníomhaithe dá bhforáiltear in Airteagal 10a a agairt. Sa chás sin, cuirfidh sé an t-údarás eisiúna agus an soláthraí seirbhíse ar an eolas faoin gcinneadh sin agus cuirfear deireadh leis an gcaomhnú láithreach.

Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. Más rud é nár agair an t-údarás forghníomhaitheach aon cheann de na forais a liostaítear in Airteagal 10a laistigh den tréimhse 10 lá, déanfaidh an soláthraí seirbhíse chuig ar seoladh an t-ordú leanúint de chaomhnú na sonraí ar feadh thréimhse 30 lá, ar tréimhse í is féidir a athnuachan uair amháin.

Or. en

Réasúnú

Tugtar 30 lá chun cinneadh a dhéanamh ar Ordú Imscrúdaithe Eorpach, agus an fhéidearthacht ann síneadh ama 30 lá sa bhreis a chur leis.

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má dheimhníonn an t-údarás eisiúna***, laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i mír 1***, ***gur seoladh an iarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird***, caomhnóidh ***an seolaí*** na sonraí chomh fada agus is gá ***chun na sonraí a tabhairt ar aird a luaithe agus a dhéantar an iarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird a sheirbheáil***.	2. Má dheimhníonn an t-údarás eisiúna ***laistigh den tréimhse 30 lá dá dtagraítear i mír 1b***, gur ***eisíodh*** an iarraidh ina dhiaidh sin ar ***Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird***, caomhnóidh ***an soláthraí seirbhíse*** na sonraí chomh fada agus is gá chun ***an tOrdú Eorpach sin chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a fhorghníomhú de bhun Airteagal 9***.

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Mura bhfuil gá a thuilleadh leis an gcaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna é sin in iúl ***don seolaí*** gan aon mhoill mhíchuí.	3. Mura mbíonn gá a thuilleadh leis an gcaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna é sin in iúl ***do na seolaithe*** gan aon mhoill mhíchuí.

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Mura féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh de bhrí go bhfuil an Deimhniú neamhiomlán, go bhfuil earráidí follasacha ann nó mura***	4. ***Má bhíonn an EPOC-PR neamhiomlán, má bhíonn earráidí follasacha ann, ó thaobh leagan amach nó inneachair de, nó mura mbíonn***

bhfuil dóthain faisnéise ann chun an EPOC-PR a fhorghníomhú, cuirfidh ***an seolaí*** é sin in iúl don údarás eisiúna a leagtar amach san EPOC-PR gan aon mhoill mhíchuí agus iarrfaidh sé soiléiriú, ag úsáid na Foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus laistigh de 5 lá ar a dhéanaí. Áiritheoidh ***an seolaí*** go bhféadfar an soiléiriú is gá a fháil ***ar a thaobh féin*** chun ***a oibleagáid*** a chomhlíonadh mar a leagtar amach i mír 1.

dóthain faisnéise ann chun an EPOC-PR a fhorghníomhú, ***déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, thar a cheann féin nó thar ceann an tsoláthraí seirbhíse,*** an t-údarás eisiúna a leagtar amach san EPOC-PR a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí agus iarrfaidh sé soiléiriú ***nó, i gcás inar gá, ceartúchán ar an údarás eisiúna***, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid. Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus laistigh de 5 lá ar a dhéanaí. Áiritheoidh ***na seolaithe*** go bhféadfar an soiléiriú is gá a fháil chun ***a n-oibleagáidí*** a chomhlíonadh mar a leagtar amach i mír 1***, 1a agus 1b***. ***In éagmais freagairt ón údarás eisiúna, measfar an t-ordú a bheith ar neamhní go hiomlán.***

Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Mura féidir leis ***an seolaí a oibleagáid*** a chomhlíonadh de bharr force majeure nó de bharr dodhéantacht de facto nach ***é an seolaí*** nó an soláthraí seirbhíse, murab ionann iad, is cúis leo, go háirithe de bhrí nach custaiméir dá gcuid an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg, nó de bhrí gur scriosadh na sonraí sula bhfuarthas an tOrdú, ***rachaidh sé*** i dteagmháil leis an údarás eisiúna a leagtar amach san EPOC-PR gan aon mhoill mhíchuí ag míniú na gcúiseanna, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid aige. Má dhéantar na coinníollacha sin a chomhlíonadh, aistarraingeoidh an t-údarás eisiúna an EPOC-PR.	5. Mura féidir leis ***na seolaithe a n-oibleagáidí*** a chomhlíonadh de dheasca *force majeure* nó de dheasca dodhéantacht *de facto* nach ***iad na seolaithe*** nó an soláthraí seirbhíse, murab ionann iad, is cúis léi, go háirithe de bhrí nach custaiméir dá gcuid an duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg, nó de bhrí gur scriosadh na sonraí sula bhfuarthas an tOrdú, ***rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach, thar a cheann féin nó thar ceann an tsoláthraí seirbhíse,*** i dteagmháil leis an údarás eisiúna a leagtar amach san EPOC-PR gan aon mhoill mhíchuí agus míneoidh sé na cúiseanna, agus an Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III á húsáid aige. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, aistarraingeoidh an t-údarás eisiúna an

EPOC-PR ***agus cuirfidh sé na seolaithe ar an eolas faoina chinneadh***.

Or. en

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Sna cásanna uile nach gcaomhnaíonn an seolaí an fhaisnéis a iarradh, ar chúiseanna eile a liostaítear san Fhoirm in Iarscríbhinn III, cuirfidh an seolaí na cúiseanna atá leis sin in iúl don údarás eisiúna san Fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III gan aon mhoill mhíchuí. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an Ordú i bhfianaise an údair a thug an soláthraí seirbhíse.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe le hAirteagal 10 a (nua).

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. I rith an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 1, 1a, 1b, 4, 2a, 4 agus 5, caomhnóidh an soláthraí seirbhíse na sonraí a iarradh.

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 10 a
	Forais le haghaidh neamhaitheantais nó neamhfhorghníomhaithe
	1. Gan dochar d'Airteagal 1(2), diúltóidh an t-údarás forghníomhaitheach an EPOC nó an EPOC-PR a aithint nó a fhorghníomhú sna cásanna seo a leanas:
	(a) dá mbeadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh contrártha le prionsabal ne bis in idem;
	(b) dá mbeadh forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ar neamhréir leis na hoibleagáidí atá ar Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 6 CFE agus leis an gCairt; nó
	(c) dá mbeadh díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, nó, i gcás inarb infheidhme, faoi dhlí an Stáit a ndearnadh difear dó;
	2. De bhreis ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an EPOC nó an EPOC-PR a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:
	(a) mura gcomhlíonfaí na coinníollacha faoina n-eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, mar a leagtar síos in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán seo;
	(b) dá mbeadh an EPOC nó an EPOC-PR neamhiomlán nó dá mba léir é a bheith mícheart, ó thaobh leagan amach nó inneachair de, agus dá mba rud é nár comhiomlánaíodh ná nár ceartaíodh é i

ndiaidh na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 9 (3) agus (4) agus Airteagal 10 (4) agus (5) den Rialachán seo;

(c) dá ndéanfadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh díobháil do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta, dá gcuirfeadh sé foinse na faisnéise i mbaol nó dá mbeadh úsáid faisnéise rúnaicmithe maidir le gníomhaíochtaí faisnéisíochta sonracha ag roinnt leis;

(d) dá mbainfeadh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le cion coiriúil a líomhnaítear go ndearnadh é lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus mura gceadaítear, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, ionchúiseamh sna cionta céanna nuair a rinneadh lasmuigh dá chríoch iad; i gcás ina mbaineann an EPOC nó an EPOC-PR le cion coiriúil a líomhnaítear go ndearnadh é go hiomlán nó go páirteach ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh;

(e) murarbh ionann an t-iompar ar ina leith a eisíodh an EPOC nó an EPOC-PR agus cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, murar rud é go mbaineann sé le cion a liostaítear laistigh de na catagóirí cionta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa, de réir mar shonraíonn an t-údarás eisiúna san EPOC nó san EPOC-PR é, más rud é gur cion inphionóis sa Stát eisiúna é le príosúnacht nó le hordú coinneála ar feadh uasthréimhse trí bliana ar a laghad;

(f) dá mba rud é go mbeadh, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh teoranta do chatagóir cionta nó do chionta is inphionóis de réir tairseach níos airde; nó

(g) dá mbeadh comhlíonadh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó comhlíonadh an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ar neamhréir le dlí is infheidhme i dtríú tír lena gcuirtear toirmeasc ar nochtadh na sonraí lena mbaineann i gcomhréir le dlí náisiúnta an stáit fhorghníomhaithigh;

3. I gcás ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil cónaí sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach ar an duine ar leis nó léi na sonraí a iarradh, agus ina gcreideann an t-údarás a ndearnadh difear dóibh gur ann do cheann amháin de na forais a liostaítear in Airteagal 10a, cuirfidh sé an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach, arna bhunú ar thuairim réasúnaithe. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aird chuí ar an tuairim réasúnaithe sin.

4. Ní bheidh feidhm ag pointí (e) agus (f) de mhír 2 maidir le sonraí rannpháirtí agus seoltaí IP.

5. Déanfar pointe (g) de mhír 1 a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15.

6. I gcás ina mbaineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le cion i ndáil le cánacha nó dleachtanna, custaim agus malartú, ní dhéanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aitheantas nó forghníomhú a dhiúltú ar an bhforas nach ngearrtar le dlí an Stáit fhorghníomhaithigh an cineál cánach nó dleachta céanna nó nach bhfuil cáin, dleacht, nó rialachán custam agus malartaithe den chineál céanna ann lena bhfuil i ndlí an Stáit eisiúna.

7. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, sula gcinnfidh an t-údarás forghníomhaitheach gan Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a aithint nó a fhorghníomhú, ina iomláine nó go páirteach, rachaidh sé i gcomhairle

leis an údarás eisiúna, trí bhealach iomchuí ar bith, agus iarrfaidh sé air, i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise is gá a sholáthar gan mhoill.

8. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 agus ina mbíonn an chumhacht ag údarás sa Stát forghníomhaitheach an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, iarrfaidh an t-údarás forghníomhaitheach air an chumhacht sin a fheidhmiú láithreach. Nuair atá an chumhacht ag údarás de chuid Stáit eile nó ag eagraíocht idirnáisiúnta an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is ar an údarás eisiúna a bheidh sé a iarraidh ar an údarás lena mbaineann an chumhacht sin a fheidhmiú.

9. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoi úsáid aon fhoras le haghaidh neamhaitheantais nó neamhfhorghníomhaithe dá liostaítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Rúndacht agus faisnéis an úsáideora	Faisnéis ***agus rúndacht*** an úsáideora

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na seolaithe agus***, murab ionann iad, na soláthraithe seirbhíse,*** na bearta is gá chun rúndacht an EPOC nó an EPOC-PR a áirithiú chomh maith le rúndacht na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar ***agus nuair a iarrfaidh an t-údarás eisiúna sin, staonfaidh siad ón duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas chun nach ndéanfaí na himeachtaí coiriúla ábhartha a bhac***.	1. Déanfaidh na seolaithe ***an duine a bhfuil a chuid nó a cuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, gan moill mhíchuí. Nuair a chuirfidh siad an duine ar an eolas, cuirfidh na seolaithe san áireamh aon fhaisnéis faoi aon leigheasanna atá ar fáil amhail dá dtagraítear in Airteagal 17 agus*** déanfaidh siad na bearta is gá chun rúndacht an EPOC nó an EPOC-PR a áirithiú chomh maith le rúndacht na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart faisnéis úsáideora a bheith ina riail ghinearálta agus, dá bhrí sin, ba cheart í a bheith sa chéad áit san Airteagal seo.

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón údarás eisiúna, bunaithe ar ordú cúirte, ba cheart do na seolaithe staonadh ón duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, chun nach ndéanfaí na himeachtaí coiriúla ábhartha a bhac.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart go mbeadh i 'riail an ghobáin' ach eisceacht ar an riail ghinearálta, rud a luaitear i mír 1.

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás inar iarr an t-údarás eisiúna ar ***an seolaí*** staonadh ón duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, cuirfidh an t-údarás eisiúna an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg ag an EPOC ar an eolas faoi na sonraí atá le tabhairt ar aird, gan aon mhoill mhíchuí. Féadfar an fhaisnéis sin a mhoilliú ar feadh na tréimhse ama atá riachtanach agus comhréireach chun nach gcuirfear bac ar na himeachtaí coiriúla ábhartha.	2. I gcás inar iarr an t-údarás eisiúna ar ***na seolaithe*** staonadh ón duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg a chur ar an eolas***, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil, bunaithe ar ordú cúirte***, déanfaidh an t-údarás eisiúna an duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg ag an EPOC ***nó an EPOC-PR*** a chur ar an eolas faoi na sonraí atá le tabhairt ar aird ***nó na sonraí atá le caomhnú***, gan aon mhoill mhíchuí. Féadfar an fhaisnéis sin a mhoilliú ar feadh na tréimhse ama atá riachtanach agus comhréireach chun nach gcuirfear bac ar na himeachtaí coiriúla ábhartha***, agus cearta an duine atá faoi dhrochamhras agus an duine chúisithe á gcur san áireamh agus gan dochar do chearta cosanta agus leigheasanna éifeachtacha dlí***.

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11 a
	Srianta ar úsáid fianaise arna fáil
	Ní bhainfear úsáid as faisnéis leictreonach atá tugtha ar aird nó caomhnaithe ag EPOC nó EPOC-PR chun críche imeachtaí ach amháin na himeachtaí sin chun a gcríche a fuarthas í i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11 (b)
	Inghlacthacht agus scriosadh faisnéise leictreonaí
	1. Ní bheidh faisnéis leictreonach a bailíodh de shárú ar an Rialachán seo inghlactha os comhair cúirte agus scriosfar í láithreach.
	2. Scriosfar láithreach faisnéis leictreonach nach bhfuil de dhíth a thuilleadh don imscrúdú nó ionchúiseamh ar tugadh ar aird nó ar caomhnaíodh í. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le srianta ama iomchuí a leagan síos chun faisnéis leictreonach a tugadh ar aird nó a caomhnaíodh a scriosadh nó chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngá leis an bhfaisnéis leictreonach a storáil. Cinnteofar le bearta nóis imeachta go léireofar meas ar na srianta ama sin.
	3. Déanfar an duine a ndéantar difear dó a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis a scriosadh.

Or. en

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an soláthraí seirbhíse éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht a chuid	***Má éilíonn an soláthraí seirbhíse é, aisíocfaidh an Stát eisiúna na costais a***

costas ag an Stát eisiúna, má dhéantar foráil maidir leis sin i gcomhair orduithe intíre i gcásanna den sórt céanna i ndlí náisiúnta an Stáit eisiúna, i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta sin.	***bhfuil údar cuí leo atá íoctha ag an soláthraí seirbhíse agus a bhaineann le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh***.

Or. en

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Caibidil 3: Smachtbhannaí agus ***forfheidhmiú***	Caibidil 3: Smachtbhannaí***, nós imeachta athbhreithniúcháin*** agus ***leigheasanna***

Or. en

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar do na dlíthe náisiúnta lena ndéantar foráil d'fhorchur smachtbhannaí coiriúla, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis ***airgid*** is infheidhme ar shárú na n-oibleagáidí de bhun Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 den Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis ***airgid*** dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.	Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme ar shárú na n-oibleagáidí de bhun Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 den Rialachán seo ***i dtaca le soláthraithe seirbhíse ar a gcríoch*** agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Or. en

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. D'ainneoin na n-oibleagáidí atá orthu maidir le cosaint sonraí, ní bheidh na soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas sna Ballstáit maidir leis na hiarmhairtí, ar iarmhairtí iad atá mar thoradh ar chomhlíonadh EPOC nó EPOC-PR.

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Níl gá a thuilleadh leis an nós imeachta um fhorfheidhmiú de thoradh rannpháirtíocht uathoibríoch an údaráis fhorghníomhaithigh.

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 14 a
	Nós imeachta athbhreithniúcháin i gcás

easaontacht oibleagáidí le dlí tríú tír

1. I gcás ina measann an t-údarás forghníomhaitheach, ina aonair nó bunaithe ar iarraidh ón soláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar thuairim chuí-réasúnaithe ón údarás a ndéantar difear dó, go dtiocfadh comhlíonadh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpach salach ar dhlíthe is infheidhme i ndlí tríú tír lena gcuirtear cosc ar nochtadh na sonraí lena mbaineann, cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas laistigh de 10 lá ón ordú a fháil.

2. Beidh na sonraí ábhartha ar fad a bhaineann le dlí an tríú tír san áireamh san fhógra sin a thabharfar don údarás eisiúna, chomh maith lena infheidhmeacht i dtaca leis an gcás i dtrácht agus cineál na heasaontachta oibleagáide.

3. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó ar an Ordú Caomhnaithe Eorpach agus cuirfidh sé na seolaithe ar an eolas, laistigh de 10 lá ón ordú a fháil, ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) na leasanna atá á gcosaint ag dlí ábhartha an tríú tír, lena n-áirítear bunleasanna chomh maith le leasanna eile lena gcoisctear nochtadh na sonraí, go háirithe leasanna slándála náisiúnta an tríú tír;

(b) méid an naisc atá idir an cás coiriúil ar eisíodh an tOrdú ina leith agus dlínse an Stáit eisiúna agus dlínse an tríú tír, mar atá léirithe inter alia ag:

(i) suíomh, náisiúntacht agus áit chónaithe an duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg agus/ nó suíomh, náisiúntacht agus áit chónaithe an íospartaigh/na n-íospartach;

(ii) an áit a ndearnadh an cion coiriúil i

dtrácht;

(c) méid an naisc atá idir an soláthraí seirbhíse agus an tríú tír i dtrácht; ní leor suíomh stórála na sonraí ann féin chun nasc de mhéid substaintiúil a shuíomh;

(d) leasanna an Stáit eisiúna a bhaineann leis an bhfianaise lena mbaineann a fháil, bunaithe ar thromchúis an chiona agus ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfianaise leictreonach a fháil ar bhealach tapa;

(e) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na seolaithe dá gcomhlíonfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach, lena n-áirítear na smachtbhannaí a d'fhéadfaí a ghearradh ar na soláthraithe seirbhíse.

4. Laistigh de 10 lá ón bhfógra a fháil, féadfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú a tharraingt siar, a chumhdach nó a oiriúnú más gá, chun éifeacht a thabhairt do na critéir sin. Chun na críche sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna faisnéis a lorg ón údarás inniúil sa tríú tír, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680, sa mhéid nach gcuirtear aon bhac ar na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. I gcás tarraingt siar, déanfaidh an t-údarás eisiúna na seolaithe a chur ar an eolas láithreach.

5. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás eisiúna an tOrdú a chumhdach, cuirfidh sé na seolaithe ar an eolas faoina chinneadh. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, agus cinneadh an údaráis eisiúna a thabhairt san áireamh aige ar bhealach iomchuí, cinneadh críochnaitheach a dhéanamh bunaithe ar na critéir a liostaítear i mír 3, laistigh de 10 lá ó chinneadh an údaráis eisiúna a fháil, agus an t-údarás eisiúna, an tsoláthraí seirbhíse agus, i gcás inar iomchuí, an Stát a ndéantar difear dó a chur ar an eolas faoina chinneadh críochnaitheach. Féadfaidh an t-údarás eisiúna faisnéis a lorg ón údarás inniúil

sa tríú tír, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680, sa mhéid nach gcuirtear aon bhac leis sin ar na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

6. Ar feadh fhad an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14a, caomhnóidh an soláthraí seirbhíse na sonraí arna n-iarraidh.

Or. en

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil 4 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Caibidil 4: Leigheasanna	***scriosta***

Or. en

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé de cheart ***ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine atá cúisithe*** agus ***a bhfuarthas*** a gcuid sonraí trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird leigheasanna éifeachtacha a fháil in aghaidh ***an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird le linn na n-imeachtaí coiriúla ar eisíodh an tOrdú ina leith***, gan dochar do na leigheasanna atá ar fáil faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Rialachán (AE) 2016/79.	1. Beidh sé de cheart ag daoine ***a raibh*** a gcuid sonraí ***á lorg*** trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach*** leigheasanna éifeachtacha a fháil in aghaidh ***na nOrduithe sin sa Stát eisiúna agus forghníomhaitheach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, gan dochar do na leigheasanna atá ar fáil faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Rialachán (AE) 2016/79.

Or. en

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Nuair nach duine atá faoi dhrochamhras ná duine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla ar eisíodh an tOrdú ina leith an duine a bhfuarthas a chuid sonraí, beidh sé de cheart ag an duine sin leigheasanna éifeachtacha a fháil in aghaidh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird sa Stát eisiúna, gan dochar do na leigheasanna atá ar fáil faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Rialachán (AE) 2016/679.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Áirítear sin in Airteagal 17(1)

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Déanfar ceart den sórt sin chun leigheas éifeachtach a fháil a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát eisiúna i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus*** cuirfear san áireamh ann an fhéidearthacht a bhaineann le cur in aghaidh dhlíthiúlacht an bhirt, lena n-áirítear a riachtanas agus a chomhréireacht.	3. Cuirfear san áireamh sa cheart sin an fhéidearthacht cur in aghaidh dhlíthiúlacht an bhirt, lena n-áirítear a riachtanas agus a chomhréireacht.

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Féadfar agóid a dhéanamh in aghaidh na gcúiseanna substainteacha maidir leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint sa Stát eisiúna, gan dochar do na ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha sa Stát forghníomhaitheach.

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh AE sa dlí coiriúil atá ann cheana.

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Gan dochar d'Airteagal 11, déanfaidh an t-údarás eisiúna na bearta cuí lena áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil maidir leis na féidearthachtaí, faoin dlí náisiúnta, a bhaineann le leigheasanna a lorg agus áiritheoidh sé go bhféadfar iad a fheidhmiú go héifeachtach.	4. Gan dochar d'Airteagal 11, déanfaidh an t-údarás eisiúna ***agus an t-údarás forghníomhaitheach*** na bearta cuí lena áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil ***in am trátha*** maidir leis na féidearthachtaí, faoin dlí náisiúnta, a bhaineann le leigheasanna ***dlíthiúla*** a lorg***, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na cásanna ina mbíonn feidhm ag na leigheasanna sin,*** agus áiritheoidh sé go bhféadfar iad a fheidhmiú go héifeachtach.

Or. en

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Gan dochar do na rialacha nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna, go n-urramófar cearta an chosanta agus cothroime na n-imeachtaí nuair a bhíonn fianaise a fuarthas tríd an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird á meas.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá inghlacthacht na faisnéise leictreonaí curtha san áireamh in Airteagal 11 (b) nua.

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 18	***scriosta***
Pribhléidí agus díolúintí a áirithiú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin	
Má tá sonraí idirbheartaíochta nó sonraí inneachair a fuarthas tríd an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird faoi chosaint ag díolúintí agus ag pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí Bhallstát an tseolaí, nó má tá tionchar acu ar leasanna bunúsacha an Bhallstáit sin amhail slándáil náisiúnta agus cosaint, áiritheoidh an chúirt sa Stát eisiúna le linn na n-imeachtaí coiriúla ar eisíodh an tOrdú ina leith go gcuirfear na forais sin san áireamh ar an mbealach céanna agus a chuirfí san áireamh iad dá mbeadh foráil déanta dóibh faoina ndlí náisiúnta nuair atá ábharthacht agus inghlacthacht na fianaise i dtrácht á meas. Féadfaidh an chúirt dul i gcomhairle le húdaráis an Bhallstáit ábhartha, an Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla nó Eurojust.	

Or. en

Réasúnú

Tá pribhléidí agus díolúintí curtha san áireamh in Airteagal 11 (b) nua.

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a eisíodh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh***, de réir na soláthraithe seirbhíse ar díríodh orthu*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);	(a) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a eisíodh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir ***na seolaithe*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

Or. en

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an líon EPOCanna a comhlíonadh agus nár comhlíonadh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh***, de réir na soláthraithe seirbhíse ar díríodh orthu*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);	(b) an líon EPOCanna ***agus EPOC-PRanna*** a comhlíonadh agus nár comhlíonadh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir ***na seolaithe*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

Or. en

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a ndearnadh agóid ina gcoinne de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe, de réir an cháis (cás éigeandála nó eile) agus de réir an fhorais le haghaidh neamhaitheantais a ardaíodh;

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás EPOCanna a comhlíonadh, an meánfhad ama a thóg sé na sonraí	(c) i gcás EPOCanna a comhlíonadh, an meánfhad ama a thóg sé na sonraí

iarrtha a fháil ón nóiméad a eisíodh an EPOC go dtí an nóiméad a bhfuarthas na sonraí, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, ***de réir an tsoláthraí seirbhíse ar díríodh air*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);	iarrtha a fháil ón nóiméad a eisíodh an EPOC go dtí an nóiméad a bhfuarthas na sonraí, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir ***na seolaithe*** agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) i gcás EPOC-PRanna a comhlíonadh, an meánfhad ama a thóg an nós imeachta EPOC lena mbaineann i ndiaidh an EPOC-PR, ón nóiméad a eisíodh an EPOC, de réir na gcineálacha sonraí a iarraidh agus de réir na seolaithe;

Or. en

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) an líon Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tarchuireadh agus a fuarthas i gcomhair forfheidhmiú chuig Stát forfheidhmiúcháin de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na soláthraithe seirbhíse ar díríodh orthu agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile) agus an líon díobh a comhlíonadh;	***scriosta***

Or. en

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an líon leigheasanna dlíthiúla in aghaidh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird sa Stát eisiúna agus sa Stát ***forfheidhmiúcháin*** de réir na gcineálacha sonraí a iarradh.	(e) an líon leigheasanna dlíthiúla in aghaidh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ***agus in aghaidh Orduithe Caomhnaithe Eorpacha*** sa Stát eisiúna agus sa Stát ***forghníomhaitheach*** de réir na gcineálacha sonraí a iarradh.

Or. en

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e a) na smachtbhannaí a forchuireadh, i gcomhréir le hAirteagal 13, de réir na sonraí a iarradh, de réir na seolaithe, de réir an cháis (cás éigeandála nó eile) agus de réir líon na smachtbhannaí.

Or. en

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 20	***scriosta***
Leasuithe ar na Deimhnithe agus ar na Foirmeacha	
Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 21	

chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a leasú ar mhaithe le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhas maidir le hinneachar foirmeacha EPOC agus foirmeacha EPOC-PR agus foirmeacha a úsáidfear chun faisnéis a sholáthar maidir leis an dodhéantacht a bhaineann le EPOC nó EPOC-PR a fhorghníomhú.

Or. en

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 21	***scriosta***
Tarmligean a fheidhmiú	
1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.	
2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20 a thabhairt go ceann tréimhse neamhchinntithe ón [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].	
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 20 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.	
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun	

comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[50] .

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

[50] IO L 123, 12.5.2016, lch. 13.

Or. en

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an t-údarás ***nó na húdaráis forfheidhmiúcháin atá inniúil chun Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a fhorfheidhmiú thar ceann Ballstát eile***;	(b) an t-údarás ***forghníomhaitheach chuig ar tarchuireadh an EPOC nó an EPOC-PR chun*** Orduithe chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha ***a fhorghníomhú***;

Or. en

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) an t-údarás a ndéantar difear dó chuig ar tarchuireadh an EPOC freisin, i gcás inar léir nach bhfuil cónaí sa Stát eisiúna ná sa Stát forghníomhaitheach ar an duine a bhfuil a chuid sonraí nó a cuid sonraí á lorg.

Or. en

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na cúirteanna atá inniúil chun déileáil le hagóidí réasúnaithe ó sheolaithe i gcomhréir le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 16.	***scriosta***

Or. en

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh údaráis na mBallstát leanúint de bheith ag eisiúint Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha i gcomhréir le Treoir 2014/41/AE maidir le bailiú ***fianaise*** a thiocfadh faoi raon feidhme an Rialacháin seo freisin.	Féadfaidh údaráis na mBallstát leanúint de bheith ag eisiúint Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha i gcomhréir le Treoir 2014/41/AE maidir le bailiú ***faisnéise leictreonaí*** a thiocfadh faoi raon feidhme an Rialacháin seo freisin.

Or. en

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoina [***cúig bliana*** ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le feidhmiú an Rialacháin seo***, lena n-áirítear measúnú ar an ngá atá lena raon feidhme a leathnú. Más gá, beidh bearta reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil.*** Déanfar an mheastóireacht a reáchtáil i gcomhréir le treoracha rialála níos fearr an Choimisiúin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an Tuarascáil sin a ullmhú ar fáil don Choimisiún.	Faoina [***3 bliana*** ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le feidhmiú an Rialacháin seo. Déanfar an mheastóireacht a reáchtáil i gcomhréir le treoracha rialála níos fearr an Choimisiúin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an Tuarascáil sin a ullmhú ar fáil don Choimisiún.

Or. en

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm aige ón [***sé mhí*** tar éis a theacht i bhfeidhm].	Beidh feidhm aige ón [***3 bliana*** tar éis a theacht i bhfeidhm].

Or. en

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
DEIMHNIÚ UM ORDÚ EORPACH CHUN FIANAISE A THABHAIRT AR AIRD (EPOC) MAIDIR LE ***FIANAISE*** LEICTREONACH A THABHAIRT AR AIRD	DEIMHNIÚ UM ORDÚ EORPACH CHUN FIANAISE A THABHAIRT AR AIRD (EPOC) MAIDIR LE ***FIANAISE*** LEICTREONACH A THABHAIRT AR AIRD
	Or. en

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoi Rialachán (AE)….[52] ní mór ***do sheolaí an*** Deimhnithe um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) ***an EPOC a fhorghníomhú agus caithfidh sé na sonraí a iarradh a tharchur chuig an údarás a léirítear faoi phointe (i) de Roinn G den EPOC. Mura gcuirfear na sonraí ar fáil, ní mór don seolaí, tar éis an EPOC a fháil***, ***na sonraí a iarradh a chaomhnú, ach amháin mura gceadaíonn an fhaisnéis atá san EPOC dó na sonraí sin a aithint. Seasfar leis an gcaomhnú nó go dtabharfar na sonraí ar aird nó go dtí go léireoidh an t-údarás eisiúna nó an t-údarás forfheidhmithe*** nuair is infheidhme, ***nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí a chaomhnú agus a thabhairt ar aird***.	Faoi Rialachán (AE)....[52] ní mór an Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) ***a chur faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse (nó, i gcás inarb infheidhme, faoi bhráid a ionadaí dhlíthiúil) agus faoi bhráid an údaráis fhorghníomhaithigh, go díreach agus go comhuaineach, chun an EPOC-PR a fhorghníomhú***.
[52] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla (IO L …)	[52] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla (IO L …)
	Or. en

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní mór don ***seolaí*** na céimeanna is gá a ghlacadh chun rúndacht an EPOC agus rúndacht na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar a áirithiú.	Ní mór do na ***seolaithe*** na céimeanna is gá a ghlacadh chun rúndacht an EPOC agus rúndacht na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar a áirithiú.

Or. en

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn A – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Seolaí:	***Seolaithe (cuir tic sa bhosca iomchuí agus comhlánaigh)*** : ***[ ] an soláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí dlíthiúil:*** ***[ ] an t-údarás forghníomhaitheach:*** ***[ ] an t-údarás lena mbaineann (i gcás inarb infheidhme):***

Or. en

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn B – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ***laistigh*** de 10 lá ar a dhéanaí	[ ] ***tar éis*** 10 lá ar a dhéanaí***, i gcás nár agair an t-údarás feidhmiúcháin ceann ar bith de na forais le neamhaitheantas nó le***

neamhfhorghníomhú:

Or. en

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn B – pointe 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ***laistigh de shé*** uair an chloig ar a dhéanaí ***i gcás éigeandála ina mbeidh***:	[ ] ***tar éis 24*** uair an chloig ar a dhéanaí***, i gcás nár agair an t-údarás feidhmiúcháin ceann ar bith de na forais le neamhaitheantas nó le neamhfhorghníomhú***:

Or. en

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn B – mír 1 – fomhír 2 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] garbhaol do bheatha nó do shláine coirp ***duine***. Údar maith***, más gá***:	[ ] garbhaol do bheatha nó do shláine coirp ***duine***. Bonn cirt:

Or. en

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn B – mír 1 – fomhír 2 – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] garbhaol do bhonneagar ríthábhachtach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagar ríthábhachtach Eorpach a	***scriosta***

shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint an bhonneagair sin a fheabhsú.

Or. en

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn B – pointe 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] laistigh de thréimhse ama eile (sonraigh): ***……..……..…..*** ***de bharr:***	***scriosta***
[ ] go bhfuil garbhaol ann go scriosfar na sonraí a iarradh	
[ ] bearta imscrúdaitheacha práinneacha eile	
[ ] go bhfuil dáta na trialach i ngar	
[ ] go bhfuil duine atá faoi dhrochamhras / duine atá cúisithe faoi choimeád	
[ ] cúiseanna eile:	

Or. en

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn C – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faisnéis úsáideora	***Faisnéis don úsáideoir***

Or. en

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn C – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] nach mór don ***seolaí*** staonadh ón duine a bhfuil a chuid nó a cuid sonraí á lorg a chur ar an eolas faoin EPOC.	[ ] nach mór do na ***seolaithe*** staonadh ón duine a bhfuiltear sa tóir ar a chuid nó a cuid sonraí a chur ar an eolas faoin EPOC ***bunaithe ar an ordú cúirte atá i gceangal leis seo***. ***Bonn cirt: .....***

Or. en

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fianaise leictreonach atá le tabhairt ar aird	***Faisnéis*** leictreonach a bheidh le tabhairt ar aird

Or. en

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí rannpháirtí***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do***:	[ ] sonraí rannpháirtí:

Or. en

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 1 – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir (uimhir theileafóin, ***seoladh IP,*** uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gléas(anna) gaolmhar(a)	[ ] an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir (uimhir theileafóin, uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gaireas gaolmhar/gairis ghaolmhara

Or. en

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe I – mír 1 – fleasc 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] faisnéis maidir le cárta creidmheasa nó le cárta dochair (a chuir an t-úsáideoir ar fáil chun críocha billeála) lena n-áirítear modhanna íocaíochta eile	***scriosta***

Or. en

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 1 – fleasc 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] cóid-PUK ***cóid-PUK***	cóid-PUK

Or. en

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí rochtana, lena n-áirítear ach	***scriosta***

nach bhfuil teoranta do:

[ ] taifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais

Or. en

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 3 an chuid – réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí ***idirbheartaíochta***:	[ ] sonraí ***tráchta***: ***[ ] seoladh IP, taifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais***

Or. en

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe 1 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí tráchta***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do***:	[ ] sonraí ***eile*** tráchta:

Or. en

Leasú 219

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 3 – fomhír 1 – pointe b – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, ***faisnéis maidir le ceanntásc ríomhphoist,***	[ ] faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, aitheantas teachtaireachta)

aitheantas teachtaireachta)

Or. en

Leasú 220

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 3 – fomhír 1 – pointe c – fleasc 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	[ ] stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha

Or. en

Leasú 221

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 3 – fomhír 1 – pointe c – fleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí idirbheartaíochta eile, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:	***scriosta***
[ ] stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha	
[ ] liosta teagmhálaithe	

Or. en

Leasú 222

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe i – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí inneachair***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:***	[ ] sonraí inneachair***:***
	[ ] liosta teagmhálaithe

Or. en

Leasú 223

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe ii – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) tá ***an*** fhaisnéis ***thíos á cur ar fáil duit chun forghníomhú*** an EPOC a cheadú:	(ii) Faisnéis ***bhreise chun*** an EPOC a fhorghníomhú:

Or. en

Leasú 224

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe iii – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) An raon ama a n-iarrtar é a thabhairt ar aird***, más infheidhme***:	(iii) An raon ama a n-iarrtar é a thabhairt ar aird:

Or. en

Leasú 225

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe iv – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] gur caomhnaíodh na sonraí i gcomhréir le hiarraidh ar chaomhnú roimhe seo a d'eisigh…..…..… (léirigh an t-údarás***, agus, má tá sé ar fáil,*** dáta tarchurtha na hiarrata agus an uimhir thagartha) agus a tarchuireadh chuig …..… (léirigh an ***soláthraí seirbhíse/an t-ionadaí dlíthiúil/an t-údarás poiblí*** a ndearnadh í a tharchur chuige agus, má tá sí ar fáil, an	[ ] go ndearnadh na sonraí arna n-iarraidh a chaomhnú i gcomhréir le hiarraidh ar chaomhnú roimhe seo a d'eisigh…….…… ……..…… (léirigh an t-údarás ***agus*** dáta tarchurtha na hiarrata agus an uimhir thagartha) agus a tarchuireadh chuig …… …..…… (léirigh na

uimhir thagartha a thug an ***seolaí***)	***seolaithe*** ar tarchuireadh chucu é agus, má tá sí ar fáil, an uimhir thagartha a thug na ***seolaithe***)

Or. en

Leasú 226

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe v – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá an EPOC reatha á eisiúint i gcomhair sonraí ***idirbheartaíochta*** agus / nó sonraí inneachair agus tá sé bainteach (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha, más infheidhme):	Eisítear an EPOC reatha i gcomhair sonraí ***tráchta*** agus / nó sonraí inneachair agus baineann sé leo seo a leanas (cuir tic sa bhosca/sna boscaí ábhartha, más infheidhme):

Or. en

Leasú 227

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe v – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] le cion/cionta coiriúil/coiriúla atá inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta ar feadh uastréimhse ***trí*** bliana ar a laghad;	[ ] le cion/cionta coiriúil/coiriúla atá inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta ar feadh uastréimhse ***cúig*** bliana ar a laghad;

Or. en

Leasú 228

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn D – pointe vi

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(vi) Tabhair do d'aire, le do thoil, (cuir	***scriosta***

tic leis, más infheidhme):

[ ] Go bhfuil na sonraí atá á lorg á stóráil nó á bpróiseáil mar chuid den bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse do chuideachta nó d'eintiteas eile seachas daoine nádúrtha, agus go bhfuil an EPOC reatha á dhíriú ar an soláthraí seirbhíse mar nach bhfuil bearta imscrúdaitheacha a bheadh dírithe ar an gcuideachta nó ar an eintiteas iomchuí, go háirithe ar an gcúis go bhféadfaidís an t-imscrúdú a chur i mbaol.

Or. en

Leasú 229

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn E – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí ***agus*** sonraí rochtana)	[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí)

Or. en

Leasú 230

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn E – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí ***idirbheartaíochta*** agus sonraí inneachair) → comhlánaigh Cuid (F) freisin	[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí ***tráchta*** agus sonraí inneachair) → comhlánaigh Cuid (F) freisin

Or. en

Leasú 231

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn F – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí ***agus*** sonraí rochtana)	[ ] ionchúisitheoir poiblí (i gcomhair sonraí rannpháirtí)

Or. en

Leasú 232

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – roinn G – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) ***Údarás/***pointe ***teagmhála*** ar féidir teagmháil a dhéanamh leis maidir le haon cheist a bhaineann le forghníomhú an EPOC:…..…	(ii) ***Údarás/***pointe ***teagmhála*** ar féidir teagmháil a dhéanamh leis maidir le haon cheist a bhaineann le forghníomhú an EPOC:……..…… ……

Or. en

Leasú 233

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
DEIMHNIÚ UM ORDÚ CAOMHNAITHE EORPACH (EPOC-PR) MAIDIR LE ***FIANAISE*** LEICTREONACH A CHAOMHNÚ	DEIMHNIÚ UM ORDÚ CAOMHNAITHE EORPACH (EPOC-PR) MAIDIR LE ***FAISNÉIS*** LEICTREONACH A CHAOMHNÚ

Or. en

Leasú 234

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoi Rialachán (AE) ***...***[53] ní mór do ***sheolaí*** an Deimhnithe um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR)***, tar éis dó*** an EPOC-PR ***a fháil na sonraí atá á n-iarraidh a chaomhnú gan aon mhoill mhíchuí***. ***Scoirfear den chaomhnú tar éis 60 lá, mura ndeimhníonn an t-údarás eisiúna go bhfuil tús curtha le hiarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird. Má dheimhníonn an t-údarás eisiúna, laistigh den 60 lá sin go bhfuil tús curtha le hiarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird, ní mór don seolaí na sonraí a chaomhnú chomh fada agus is gá chun na sonraí a tabhairt ar aird a luaithe agus a dhéantar an iarraidh ina dhiaidh sin ar shonraí a thabhairt ar aird a sheirbheáil.***	Faoi Rialachán (AE)***….***[53] ní mór an Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach ***a chur faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse (nó, i gcás inarb infheidhme, faoi bhráid a ionadaí dhlíthiúil) agus faoi bhráid an údaráis fhorghníomhaithigh, go díreach agus go comhuaineach, chun*** an EPOC-PR a fhorghníomhú.
[53] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla(IO L …)	53 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla(IO L …)

Or. en

Leasú 235

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní mór don ***seolaí*** na céimeanna is gá a ghlacadh chun rúndacht an EPOC-PR agus rúndacht na sonraí a chaomhnófar nó a thabharfar ar aird a áirithiú.	Ní mór do na ***seolaithe*** na céimeanna is gá a ghlacadh chun rúndacht an EPOC-PR agus rúndacht na sonraí a chaomhnófar nó a thabharfar ar aird a áirithiú.

Or. en

Leasú 236

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn A – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Seolaí:**……...……...…… …….. ….**	***Seolaithe (cuir tic sa bhosca iomchuí agus comhlánaigh)*** : ***[ ] an soláthraí seirbhíse nó, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí dlíthiúil: .....*** ***[ ] an t-údarás forghníomhaitheach: .....***

Or. en

Leasú 237

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn B – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faisnéis úsáideora	***Faisnéis don úsáideoir***

Or. en

Leasú 238

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn B – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] nach mór don ***seolaí*** staonadh ón duine a bhfuil a chuid nó a cuid sonraí á lorg a chur ar an eolas faoin EPOC-PR.	[ ] nach mór do na ***seolaithe*** staonadh ón duine a bhfuiltear sa tóir ar a chuid nó a cuid sonraí a chur ar an eolas faoin EPOC ***bunaithe ar an ordú cúirte atá i gceangal leis seo***. ***Bonn cirt: .....***

Or. en

Leasú 239

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fianaise leictreonach atá le caomhnú	***Faisnéis*** leictreonach atá le caomhnú

Or. en

Leasú 240

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí rannpháirtí***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do***:	[ ] sonraí rannpháirtí:

Or. en

Leasú 241

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir (uimhir theileafóin, ***seoladh IP,*** uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gléas(anna) gaolmhar(a)	[ ] an cineál seirbhíse, lena n-áirítear aitheantóir (uimhir theileafóin, uimhir an chárta SIM, seoladh MAC) agus gaireas gaolmhar/gairis ghaolmhara

Or. en

Leasú 242

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe 1 – mír 1 – fomhír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] faisnéis maidir le cárta creidmheasa nó le cárta dochair (a chuir an t-úsáideoir ar fáil chun críocha billeála) lena n-áirítear modhanna íocaíochta eile	***scriosta***

Or. en

Leasú 243

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí rochtana, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do:	***scriosta***
[ ] taifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais	

Or. en

Leasú 244

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí ***idirbheartaíochta***:	[ ] sonraí ***tráchta***:
	[ ] seoladh IP, taifid nasctha IP / logaí chun críocha aitheantais

Or. en

Leasú 245

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí tráchta***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do***:	[ ] sonraí ***eile*** tráchta:

Or. en

Leasú 246

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 3 – fomhír 1 – pointe b – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, ***faisnéis maidir le ceanntásc ríomhphoist,*** aitheantas teachtaireachta)	[ ] faisnéis ródúcháin (seoladh IP na foinse, seoladh/seoltaí IP an chinn scríbe, uimhir/uimhreacha p(h)oirt, brabhsálaí, aitheantas teachtaireachta)

Or. en

Leasú 247

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	[ ] stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha

Or. en

Leasú 248

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí idirbheartaíochta eile, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:	***scriosta***
[ ] stair mhuirearaithe an iarmhéid réamhíoctha	
[ ] liosta teagmhálaithe	

Or. en

Leasú 249

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe i – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] sonraí inneachair***, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta dóibh seo a leanas:***	[ ] sonraí inneachair***:***
	[ ] liosta teagmhálaithe

Or. en

Leasú 250

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe ii – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) Tá an fhaisnéis ***thíos á cur ar fáil duit chun forghníomhú*** an EPOC-PR a cheadú:	(ii) Faisnéis ***bhreise chun*** an EPOC a fhorghníomhú:

Or. en

Leasú 251

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – roinn C – pointe iii – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) An raon ama a n-iarrtar é a chaomhnú***, más infheidhme***:	(iii) An raon ama a n-iarrtar é a chaomhnú:

Or. en

Leasú 252

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN DODHÉANTACHT A BHAINEANN LE EPOC-PR A FHORGHNÍOMHÚ	FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN DODHÉANTACHT A BHAINEANN LE EPOC-PR A FHORGHNÍOMHÚ ***NÓ NEAMHAITHEANTAS EPOC / EPOC-PR***

Or. en

Leasú 253

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn B – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Seolaí an EPOC / EPOC-PR:	***Údarás forghníomhaitheach*** an EPOC / EPOC-PR:

Or. en

Leasú 254

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn C – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Dáta tarchurtha an EPOC / EPOC-PR***, má***	Dáta tarchurtha an EPOC / EPOC-PR:

tá sé ar fáil:

Or. en

Leasú 255

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na cúiseanna ***nach ndearnadh an forghníomhú***	Na cúiseanna le ***dodhéantacht*** an EPOC / EPOC-PR a fhorghníomhú

Or. en

Leasú 256

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] tá earráidí follasacha san EPOC / EPOC-PR	[ ] tá earráidí follasacha san EPOC / EPOC-PR***, ó thaobh leagan amach nó inneachair de,***

Or. en

Leasú 257

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] force majeure nó dodhéantacht de facto nach é ***an seolaí ná an soláthraí seirbhíse*** is cúis leo	[ ] force majeure nó dodhéantacht de facto nach iad na ***seolaithe*** is cúis leo

Or. en

Leasú 258

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ní chumhdaítear an tseirbhís faoi raon feidhme an Rialacháin (AE)	[ ] ní chumhdaítear an ***soláthraí*** seirbhíse faoi raon feidhme an Rialacháin (AE)....

Or. en

Leasú 259

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ní bhaineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird / an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le sonraí a bhí á stóráil ag an soláthraí seirbhíse ná le sonraí a bhí á stóráil thar a cheann ag an am ***a bhfuarthas*** an EPOC / EPOC-PR	[ ] ní bhaineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird / an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le sonraí a bhí á stóráil ag an soláthraí seirbhíse ná le sonraí a bhí á stóráil thar a cheann tráth ***a eisíodh*** an EPOC / EPOC-PR

Or. en

Leasú 260

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC / EPOC-PR, agus uirthi sin amháin, is léir go sáraíonn an EPOC / EPOC-PR an Chairt go follasach nó go bhfuil sé mí-úsáideach go follasach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 261

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D – pointe i – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] bheadh easaontacht idir comhlíonadh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an dlí / na dlíthe is infheidhme i dtríú tír, ar dlíthe iad lena dtoirmisctear nochtadh na sonraí lena mbaineann.	***scriosta***

Or. en

Leasú 262

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn D a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	CUID Da: Na forais le neamhaitheantas nó neamhfhorghníomhú EPOC/ EPOC-PR (cuir tic sa bhosca iomchuí):
	1. Forais éigeantacha le neamhaitheantas nó le neamhfhorghníomhú:
	[ ] bheadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh contrártha do phrionsabal ne bis in idem;
	[ ] tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ar neamhréir leis na hoibleagáidí atá ar Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 6 CFE agus leis an gCairt;
	[ ] tá díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, nó, i gcás inarb infheidhme, faoi dhlí an Stáit lena

mbaineann;

2. Forais roghnacha le neamhaitheantas nó le neamhfhorghníomhú:

[ ] ní chomhlíontar na coinníollacha faoina n-eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, mar a leagtar síos in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán seo;

[ ] tá an EPOC nó an EPOC-PR neamhiomlán nó is léir é a bheith mícheart, ó thaobh leagan amach nó inneachair de, agus níor comhiomlánaíodh ná níor ceartaíodh é i ndiaidh na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 9 (3), (4) agus (5) agus Airteagal 10 (4) agus (5) den Rialachán seo;

[ ] dhéanfadh forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh díobháil do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta, chuirfeadh sé foinse na faisnéise i mbaol nó bheadh úsáid faisnéise rúnaicmithe maidir le gníomhaíochtaí faisnéisíochta sonracha ag roinnt leis;

[ ] baineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le cion coiriúil a líomhnaítear go ndearnadh é lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus ní cheadaítear, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, ionchúiseamh sna cionta céanna nuair a rinneadh lasmuigh dá chríoch iad; i gcás ina mbaineann an EPOC nó an EPOC-PR le cion coiriúil a líomhnaítear go ndearnadh é go hiomlán nó go páirteach ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh;

[ ] nach ionann an t-iompar ar ina leith a eisíodh an EPOC nó an EPOC-PR agus cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, mura rud é go mbaineann sé le cion a liostaítear laistigh de na catagóirí cionta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa;

	[ ] tá, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh teoranta do chatagóir cionta nó do chionta is inphionóis de réir tairseach níos airde.
	[ ] bheadh comhlíonadh an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó comhlíonadh an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ar neamhréir le dlí is infheidhme sin tríú tír lena gcuirtear toirmeasc ar nochtadh na sonraí lena mbaineann i gcomhréir le dlí náisiúnta an stáit fhorghníomhaithigh;

Or. en

Leasú 263

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn G – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] déanfar iad a chaomhnú ***nó go dtabharfar sonraí ar aird nó go dtí*** go léireoidh an t-údarás eisiúna ***nó an t-údarás forfheidhmithe nuair is infheidhme, nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí a chaomhnú ná a thabhairt ar aird***	[ ] déanfar iad a chaomhnú ***go ceann 5 lá chun go bhféadfaidh*** an t-údarás eisiúna iad a shoiléiriú nó***, i gcás inar gá, a cheartú***

Or. en

Leasú 264

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn G – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[ ] ní dhéanfar iad a chaomhnú ó tharla nach féidir iad a aithint ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san EPOC / EPOC-PR.	[ ] ní dhéanfar iad ***a tháirgeadh ná*** iad a chaomhnú ó tharla nach féidir iad a aithint ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san EPOC /

Or. en

Leasú 265

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn G – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	[ ] ní dhéanfar iad a tháirgeadh ná iad a chaomhnú ós rud é nach ann do cheann amháin de na forais le neamhaitheantas nó le neamhfhorghníomhú.

Or. en

Leasú 266

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – roinn H – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sonraí an tsoláthraí seirbhíse / a ionadaí dhlíthiúil	Mionsonraí faoin soláthraí seirbhíse***, nó i gcás inarb infheidhme,*** faoina ionadaí dhlíthiúil

Or. en

Leasú 267

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN III a
	Catagóirí na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 10a (2) (e):
	- rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil,

- sceimhlitheoireacht,

- gáinneáil ar dhaoine,

- teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí,

- gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus ar shubstaintí síceatrópacha,

- gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin,

- éilliú,

- calaois, lena n-áirítear calaois in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint,

- sciúradh na bhfáltas ó choireacht,

- airgeadra, lena n-áirítear an euro, a ghóchumadh,

- coireacht atá bainteach le ríomhaireacht,

- an choireacht chomhshaoil, lena n-áirítear an gháinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá i mbaol agus ar speicis phlandaí agus cineálacha plandaí atá i mbaol,

- teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú,

- dúnmharú, mórdhíobháil choirp,

- trádáil aindleathach in orgáin dhaonna agus fíochán daonna,

- fuadach, srianadh neamhdhleathach agus gabháil giall;

- ciníochas agus seineafóibe,

- robáil eagraithe nó armtha,

- gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seaniarsmaí agus saothair ealaíne,

- caimiléireacht,

- cambheartaíocht agus sracadh,

- góchumadh agus pioráideacht táirgí,

- doiciméid riaracháin a bhrionnú agus gáinneáil orthu,

- modhanna íocaíochta a bhrionnú,

- gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí eile fáis,

- gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha,

- gáinneáil ar fheithiclí goidte,

- éigniú,

- coirloscadh,

- coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta,

- urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long,

- sabaitéireacht.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leagfaidh an Rapóirtéir amach ina dhiaidh seo na príomchúiseanna leis na leasuithe atá sa dréacht-tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla 2018/0108 (COD).

Réamhrá

In Aibreán na bliana 2019, thíolaic an Coimisiún dhá ionstraim, eadhon an togra le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla - 2018/0108 (COD), bunaithe ar Airteagal 82 CFAE; agus an togra le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh

chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla - 2018/0107 (COD), bunaithe ar Airteagail 53 agus 62 CFAE. Is é an cuspóir a shaothraigh an Coimisiún ná ligean d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha dlús a chur leis an bpróiseas le haghaidh faisnéis leictreonach thrasteorann a aimsiú agus a fháil.

An 24 Bealtaine 2018, ainmníodh Birgit Sippel, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, ina Rapóirtéir thar ceann na Parlaiminte don Rialachán molta agus don Treoir. Sna míonna a lean an t-ainmniú, bhí roinnt malartuithe tuairimí ann, lena n-áirítear ceithre cinn de chruinnithe inmheánacha leis na Scáth-Rapóirteirí, maille le roinnt cruinnithe fada idir na Scáth-Rapóirteirí agus geallsealbhóirí éagsúla (an Coimisiún, soláthraithe seirbhíse, údaráis forfheidhmithe dlí, dlíodóirí cosanta, breithiúna, saineolaithe dlí, eagraíochtaí neamhrialtasacha um chosaint sonraí agus um chearta bunúsacha etc.). Sa bhreis air sin, rinneadh éisteacht LIBE a eagrú an 27 Samhain 2018, agus rinneadh sraith de sheacht ndoiciméad oibre a thíolacadh os comhair Choiste LIBE iar sin idir an 7 Nollaig 2018 agus an 1 Aibreán 2019. Rinne an Rapóirtéir agus duine de na Scáth-Rapóirtéirí gach ceann de na doiciméid sin a dhréachtú agus a thíolacadh.

Sna doiciméid oibre, tugadh aghaidh ar na hábhair seo a leanas:

- An chéad doiciméad oibre: Réamhrá agus measúnú foriomlán ar na saincheisteanna (arna dhréachtú ag an Rapóirtéir)
- An dara doiciméad oibre: Raon feidhme agus an gaol le hionstraimí eile (arna dhréachtú i gcomhar le EPP)
- An tríú doiciméad oibre: Ról na Soláthraithe Seirbhíse (arna dhréachtú i gcomhar le ECR)
- An ceathrú doiciméad oibre: An gaol le dlí tríú tír (arna dhréachtú i gcomhar le ALDE (feasta: Renew Europe))
- An cúigiú doiciméad oibre: Na coinníollacha faoina n-eisítear an EPOC(-PR) (arna dhréachtú i gcomhar le GUE)
- An séú doiciméad oibre: Coimircí agus Leigheasanna (arna dhréachtú i gcomhar leis na Glasaigh/EFA)
- An seachtú doiciméad oibre: Forfheidhmiú an EPOC(-PR) (arna dhréachtú ag an Rapóirtéir i gcomhar le (iar) EFDD)

Saincheisteanna dlí

Bhí na malartuithe éagsúla tuairimí, maille le torthaí na ndoiciméad oibre, ina léiriú, *inter alia*, ar na ceisteanna agus na saincheisteanna dlí seo a leanas:

- Ceisteanna maidir leis an mbunús leormhaith dlí agus leis an ngaol le hionstraimí eile AE agus ionstraimí idirnáisiúnta eile (mar shampla Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht agus conradh a d'fhéadfaí a dhéanamh le SAM);
- Léirmhíniú neamhchoitianta ar choincheap an aitheantais fhrithpháirtigh, ar féidir leis an údarás eisiúna dá thoradh dul i dteagmháil go díreach le soláthraithe seirbhíse i ndlínse eile gan teagmháil a dhéanamh go huathoibríoch le húdaráis an Stáit eile/na Stát eile lena mbaineann;
- Measúnuithe ar chearta bunúsacha a aistriú chuig cuideachtaí príobháideacha, lena mbaineann an baol ann go ndéanfaí comhar AE sa dlí coiriúil a phríobháidiú
- Seach-chríochachas/seachaint shainchumais bhunúsacha an Stáit a thabhairt isteach;
- Coinníollacha díréireacha le haghaidh orduithe a eisiúint (leibhéal na gcionta);
- Catagóirí sonraí nach gcomhfhreagraíonn d'ionstraimí AE atá ann cheana;
- Ráthaíochtaí neamhleora maidir le cearta bunúsacha (díolúintí/pribhléidí, faisnéis úsáideoirí, leigheasanna éifeachtacha dlí);
- Saincheisteanna maidir le hindéantacht phraiticiúil agus theicniúil (go háirithe, maidir le FBManna);
- Go bhféadfadh sé go mbeadh easaontacht dlíthe ann le tríú tíortha;
- Saincheisteanna maidir le comhoiriúnacht le ceanglais ECHR.

Rinne tromlach mór de na geallsealbhóirí, lena n-áirítear breithiúna agus dlíodóirí cosanta, saineolaithe ar chosaint sonraí agus ar chearta bunúsacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha maille le soláthraithe seirbhíse, na ceisteanna dlí sin a tharraingt anuas.

Tá an Rapóirtéir i bhfách le cuspóir foriomlán an Choimisiúin agus molann sé, dá dhroim sin, go ndéanfaí leasuithe ar an togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún, chun ionstraim éifeachtúil, mhear a chruthú d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha, lena ndéanfaí, ag an am céanna, cearta bunúsacha a urramú go hiomlán agus deimhnitheacht dhlíthiúil a áirithiú. Cé go gcloítear inti leis an gcreat céanna ama dá ndearna an Coimisiún agus an Comhairle foráil, sa dréacht-tuarascáil, tugtar isteach na gnéithe breise is gá chun comhoiriúnacht iomlán leis an smacht reachta agus le caighdeáin maidir le cearta bunúsacha a ráthú.

Príomhghnéithe na dréacht-tuarascála

1. Nós imeachta fónta um fhógra

Tá Airteagal 82 CFAE bunaithe ar choincheap an chomhair idir dhá údarás bhreithiúnacha. I gcodarsnacht leis sin, a bhuí leis an togra ón gCoimisiún, bheadh an t-údarás eisiúna in ann dul i dteagmháil go díreach le soláthraithe seirbhíse i gcásanna trasteorann gan teagmháil a dhéanamh go huathoibríoch le húdaráis an Stáit eile/na Stát eile lena mbaineann; Thairis sin, mar gheall ar an sásra nua, dá ndearna an Coimisiún foráil, ní bheadh sé de fhreagracht bhunúsach ar na Stáit a áirithiú go n-urramófaí cearta bunúsacha ar a gcríoch ná ní bheadh sé d'oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí ach chomh beag dlíthe na tíre ina bhfuil siad bunaithe a

urramú. Bhí sé sin ar cheann de na príomhábhair dá ndearna roinnt saineolaithe dlíthiúla tagairt, lena n-áirítear roinnt breithiúna náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha um chosaint sonraí agus um chearta bunúsacha, maille le soláthraithe seirbhíse. Sa bhreis air sin, i litir chomhpháirteach dara dáta an 20 Samhain 2018, chuir ocht mBallstát (Poblacht na Seice, an Ghréig, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ungáir, an Laitvia, an Ísiltír agus an tSualainn) in iúl gur mhian leo go mbeadh nós imeachta níos fónta um fhógra ann do na Ballstáit.

Dá bhrí sin, déanann an Rapóirtéir, ina dréacht-tuarascáil, fógra uathoibríoch an Stáit fhorghníomhaithigh a thabhairt isteach athuair: gach ordú arna sheoladh ag Stát eisiúna, is gá fógra a thabhairt faoi don Stát forghníomhaitheach ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe nó, i gcás soláthraithe seirbhíse nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo, don Stát sin inar ceapadh a ionadaí dlíthiúil. I bhfianaise na díse – eadhon freagrachtaí bunúsacha na mBallstát cearta bunúsacha a ráthú ar a gcríoch, mar aon leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse a mhéid a bhaineann leis an tír ina bhfuil siad bunaithe – is gá go mbeadh an fógra sin fónta.

Dá bhrí sin, d'ainneoin phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaitheach in ann aitheantas nó forghníomhú ordaithe a dhiúltú, i gcás ina bhfuil an diúltú sin bunaithe ar fhorais shonracha agus theoranta a liostaítear in airteagal nua sa dréacht-tuarascáil, i gcomhréir le forais a glacadh i dTreoir 2014/41/AE maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach, rud a d'fhágfadh go mbeadh comhsheasmhacht ann idir an dá ionstraim sin maidir le comhar breithiúnach in ábhair chóiriúla. I ngeall ar an nós imeachta fónta um fhógra sin freisin, cuirtear cosc ar sholáthraithe seirbhíse, i.e. eintitis phríobháideacha, a bheith ina measúnóirí dlíthiúla ar chearta bunúsacha agus déantar iad a shaoradh ó dhliteanas i gcás easaontacht dlíthe. Uime sin, is gá an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a chur go comhuaineach chuig an soláthraí seirbhíse agus chuig an údarás forghníomhaithe. In éagmais freagairt ón údarás forghníomhaitheach thar thréimhse sheasta ama, tá sé d'oibleagáid ar an soláthraí seirbhíse na sonraí arna n-iarraidh a chaomhnú nó a thabhairt ar aird don údarás eisiúna.

Sa bhreis air sin, rinne roinnt Ballstát, soláthraithe seirbhíse agus eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta bunúsacha an tsaincheist maidir le cásanna nach saoránach ná cónaitheoir den Stát eisiúna nó den Stát forghníomhaitheach an duine lena mbaineann a tharraingt anuas. Sna cásanna sin, go háirithe toisc Ordaithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt a bheith níos cunóraí, ba cheart, i gcás inar féidir é, fógra a thabhairt go comhuaineach don Bhallstát ina bhfuil buanchónaí ar an duine, agus deis á tabhairt don Stát lena mbaineann, uime sin, an t-amhras atá air faoi dhlíthiúlacht ordaithe a chur in iúl don Stát forghníomhaiteach. I gcomhréir leis an gcóras ginearálta um fhógra a thug an Rapóirtéir isteach athuair, bheadh an fógra breise sin don Stát lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme, laistigh i gcónaí de chreat ama sin an nós imeachta is mar a chéile leis sin a sholáthair an Coimisiún agus an Chomhairle.

2. Coincheap Rialacháin agus Treorach

Rinne an Coimisiún dhá ionstraim a mholadh, eadhon an togra le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla agus an togra le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla.

Tá an dá ionstraim ar neamhréir le chéile, áfach. Leis an Treoir atá beartaithe, chuirfí de cheangal ar Bhallstáit uile AE ionadaí dlíthiúil a thabhairt isteach, fiú i gcás na mBallstát sin nach bhfuil rannpháirteach in ionstraimí dlíthiúla a ghlactar faoi raon feidhme Theideal V, Caibidil 4, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa bhreis air sin, ní hamháin gur dealraitheach go dtabharfadh an togra ón gCoimisiún ionadaí dlíthiúil den sórt sin isteach le haghaidh fheidhmiú an Rialacháin atá beartaithe ach dealraíonn sé freisin go mbeadh sé i gceist an t-ionadaí dlithiúil sin a úsáid le haghaidh ionstraimí eile amach anseo I dtaca leis sin, téann an Treoir atá beartaithe thar a sprioc agus ardaíonn sí saincheisteanna tromchúiseacha i dtaobh an bhunúis dlí atá léi, eadhon Airteagail 52 agus 63 CFAE. Dá thoradh sin, is iad na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa Rialachán atá beartaithe, agus iadsan amháin, ba cheart a bheith faoi cheangal ag an oibleagáid a mhéid a bhaineann le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh. Dá bhrí sin, rinneadh inneachar ábhartha na Treorach atá beartaithe a chomhtháthú go díreach sa Rialachán atá beartaithe mar bheart tionlacain a ghabhann le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh faoi Airteagal 82 CFAE.

Thairis sin, ní dhéanann an Rapóirtéir coincheap na hionadaíochta dlíthiúla a chur i bhfeidhm ach maidir le soláthraithe seirbhíse nach bhfuil bunaithe in AE nó le soláthraithe seirbhíse AE atá bunaithe i mBallstát AE nach bhfuil faoi cheangal ag an Rialachán ach a bhfuil seirbhísí á dtairiscint acu sna Ballstáit rannpháirteacha. Sna cásanna sin, is gá an t-ionadaí a ainmniú i gceann amháin de na Ballstáit rannpháirteacha ina bhfuil a chuid seirbhísí á dtairiscint aige. Maidir le soláthraithe seirbhíse atá bunaithe cheana i mBallstát rannpháirteach, ní gá dóibh ionadaí dlíthiúil sonrach a ainmniú faoi chuimsiú an Rialacháin seo, toisc go bhfuil siad faoi dhliteanas cheana i leith aon sárú ar na dlíthe is infheidhme sa Bhallstát mar gheall ar shuíomh a bpríomhbhunaíochta. Dá bhrí sin, is gá orduithe faoin Rialachán seo a dhíriú go díreach chuig buanbhunaíocht an tsoláthraí seirbhíse ina bhfuil an rialaitheoir sonraí bunaithe.

3. Easaontacht dlíthe le tríú tír

In Airteagail 15 agus 16 den dréacht-Rialachán, thug an Coimisiún nós imeachta speisialta isteach a mhéid a bhaineann le heasaontacht dlíthe le tríú Stát, lena mbaineann freisin, i roinnt cásanna, údaráis an tríú Stát, agus lena dtugtar isteach critéir shonracha mheasúnaithe i gcás an Stáit eisiúna. Rinne an Chomhairle, ina Cur Chuige Ginearálta, ceann amháin de na hairteagail a scriosadh, agus choimeád sí Airteagal a16, agus é sin amháin, mar a mhol an Coimisiún.

Ní dhéantar foráil sa nós imeachta sin, áfach, maidir le moilleanna ar bith a bheith ann, agus b'fhéidir an baol a bheith ann dá thoradh go mbeadh nósanna imeachta an-fhada ann maidir le heasaontacht dlíthe. Thairis sin, is é an t-údarás eisiúna, agus é siúd amháin, a bheadh rannpháirteach i nós imeachta Airteagal 16, dá ndearna an Coimisiún foráil agus a coinníodh i gCur Chuige Ginearálta na Comhairle, tar éis go mbeadh an easaontacht dlíthe ann ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh.

Uime sin, molann an Rapóirtéir go mbeadh nós imeachta ciorraithe ann lena ngabhfadh spriocdhátaí soiléire, gearra, a mbeadh an Stát forghníomhaitheach rannpháirteach ina leith, agus lena n-áiritheofaí éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht leormhaith na ngníomhaithe uile lena mbaineann.

4. Cearta na ndaoine lena mbaineann

Ar deireadh, maidir le cearta na ndaoine lena mbaineann, tá roinnt breiseanna agus soiléirithe anois ann ina dtaobh, ag tosú le coinníollacha níos cothroime le haghaidh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a eisiúint agus catagóirí soiléire sonraí (bunaithe ar reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana agus i gcomhréir le cásdlí CBAE). Thairis sin, molann an Rapóirtéir go mbeadh faisnéis níos cuimsithí ann faoi úsáideoirí, tugann sí isteach srianta ar úsáid sonraí arna bhfáil, rialacha maidir le hinghlacthacht fianaise agus le scriosadh sonraí arna bhfáil, maille le leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha (lena n-áirítear leigheasanna i gcás Orduithe Caomhnaithe Eorpacha).

Ina theannta sin, mar a luadh cheana, i ngeall ar nós imeachta fónta um fhógra a thabhairt isteach athuair, beidh an Stát forghníomaitheach agus, i gcás inarb infheidhme, an Stát lena mbaineann, in ann cearta na ndaoine lena mbaineann a ráthú.

5. Téarmeolaíocht ‘faisnéis leictreonach’

Ós rud é go bhféadfadh an téarmeolaíocht a roghnaigh an Coimisiún – ‘faisnéis leictreonach’ – a thabhairt le fios go huathoibríoch go bhfuil na sonraí arna gcruinniú inghlactha mar fhianaise in imeacht coiriúil, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí téarmeolaíocht níos neodraí, eadhon ‘faisnéis leictreonach’, a chur in ionad an téarma.